NATIONAL TREASURY MANAGEMENT AGENCY

REPORT & ACCOUNTS FOR THE YEAR ENDED 31 DECEMBER 2003

LEGAL FRAMEWORK

The National Treasury Management Agency Act 1990 provided for the establishment of the National Treasury Management Agency "to borrow moneys for the Exchequer and to manage the National Debt on behalf of and subject to the control and general superintendence of the Minister for Finance and to perform certain related functions and to provide for connected matters". Obligations or liabilities undertaken by the NTMA in the performance of its functions have the same force and effect as if undertaken by the Minister.

The Chief Executive, who is appointed by the Minister for Finance, is directly responsible to him and is the Accounting Officer for the purposes of the Dáil Public Accounts Committee. The NTMA has an Advisory Committee to assist and advise on such matters as are referred to it by the NTMA.

Additional functions were given to the NTMA under the following statutes:

- Securitisation (Proceeds of Certain Mortgages) Act 1995;
- National Pensions Reserve Fund Act 2000;
- National Treasury Management Agency (Amendment) Act 2000;
- Asset Covered Securities Act 2001;
- Dormant Accounts Act 2001;
- National Development Finance Agency Act 2002;
- Housing (Miscellaneous Provisions) Act 2002;
- Planning and Development (Amendment) Act 2002;
- Unclaimed Life Assurance Policies Act 2003; and
- Finance Acts.



Michael J. Somers
Príomhfheidhmeannach

John C. Corrigan

Anne Counihan

Adrian J. Kearns

Brendan McDonagh



Oliver Whelan

GNÍOMHAIREACHT BAINISTÍOCHTA AN CHISTEÁIN NÁISIÚNTA

TUAIRISC & CUNTAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2003

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

25 Meitheamh 2004

An tUasal Charlie McCreevy, T.D.,
Aire Airgeadais,
Tithe Rialtais,
Sráid Merrion Uacht.,
Baile Átha Cliath 2

A Aire,

Tá díonóir agam Tuairisc agus Cuntais Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta a thabhairt duit don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2003.

Is mise le meas.

Michael J. Somers
Príomhfheidhmeannach

Foirgneamh an Statchíste, Sráid an Chanáil Mhór, Baile Átha Cliath 2, Éire. Guthán: (353 1) 6640800 Faics: (353 1) 664 0890
Ríomhphost: info@ntma.ie Swift (cód bainc): NTMAIE2D

CLÁR

ATHCHOIMRE	7
GNÍOMHAIREACHT BAINISTÍOCHTA AN CHISTEÁIN NÁISIÚNTA	11
HOIMRE AR GHNÍOMHAÍOCHT	13
MAOINIÚ AGUS BAINISTÍOCHT FIACHA	19
COIGILTIS NÁISIUNTA	48
RÁTÁÍL CREIDMHEASA	53
ULYSSES SECURITISATION P.L.C.	54
CÚLCHISTE PINSIN NÁISIUNTA	55
GNÍMHAIREACHT NÁISIÚNTA FORBARTHA AIRGEADAIS	63
CISTE ÁRACHAIS SÓISIALTA	66
LÁR SHEIRBHÍS STÁTCHISTE	67
GNÍOMHAIREACHT ÉILIMH STÁIT	68
CUNTAIS DÍOMHAOIN	78
URRÚIS CLÚDAITHE AG SÓCHMHAINNÍ	79
COMHAIRLEOIREACHT AGUS GAOLMHAIREACHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA	80
AIRGEADAS, TEICNEOLAÍOCHT AGUS RIOSCA	81
GNÓTHAÍ DLITHILA AGUS CORPORÁIDEACHA	84

ACHOMAIR

Sáraíonn punainn sócmhainní agus dliteatanais faoi bhainistíocht an NTMA €50 billiún a thug láimhdeachas breis agus €400 billiún i 2003, sin ceithre huaire níos mó ná OTN na hÉireann.

Bunaíodh an NTMA ar dtús i mí na Nollag 1990 le socrúcháin a dhéanamh maidir le hiasachtaí an Státchiste agus le bainistiú a dhéanamh ar an bhFiachas Náisiúnta ar an mbealach is éifeachtaí. I dtús na 1990dí bhí an Fiachas ar cheann de na cinn ab airde san Eoraip, ag breis agus 100 faoin gcéad OTN, agus íocaíochtí bliantúla úis ag sú suas le 8 faoin gcéad de OTN. Ó shoin i leith tá an t-ualach fiachais íslithe go mór, ní hé sin go bhfuil an Fiachas titithe i dtéarmaí iomlana - níl - ach tá sé a bheag nó a mhór seasamhach agus an ghéilleagar ag fás go tapaidh. Tá an t-ualach úis thíos go géar, ní amháin i dtéarmaí gaolmhara ach i dtéarmaí iomlána - anois níl sé ach ag 55 faoin gcéad den mhéid a bhí sé i 1991. Rud mór a bhí sa titim géar i rátí úis baile agus idirnáisiúnta agus tá an bille úis ag sú níos lú ná $1^{1}/_{2}$ faoin gcéad den OTN gach bliain.

Tá cuid mhaith comhpháirteanna ag an bhFiachas Náisiúnta, ag suas le €38 billion, ó earraí miondála cosúil le bannaí duaise go hearraí mórdhíola cosúil le bannaí fad-téarmacha trádálta go hidirnáisiúnta. Caithfear ath-mhaoiniú a dhéanamh ar chuid mhaith den bhfiachas go rialta agus dothain airgead bheith ann, cé go gcaithfear gach airgead glan breise a chur ar thaisce a thuileann ús gach tráthnóna. Caithfear margadh rialta a chothú i mbannaí Rialtais, cuid mhór atá i gcoimeád ag infheisteoirí laismuigh den Stát, lena chinntiú go bhfuil costais úis ar aon dul leis na rátaí crios-euro is fearr. Tugann teagmháil rialta le luacht déileála bunúsacha, institiúidí infheistíochta agus gníomhaireachtaí maidir le rátáil creidmheasa, cúnamh don phróiséas seo. Gach tráthnóna caithfear airgead a thógáil ar iasacht agur curtha i mBanc Ceannais na hÉireann, nó tógtha ó Bhanc Ceannais na hÉireann le bheith curtha ar an mhargadh, dífhonn na leibhéil leachtacha a dliteann an Bhanc Ceannais Eorpach. Sa bhreis ar sin, i 2003, eagraíodh maoiniú de €1.6 billion don Ghníomhaireacht Maoinithe Tithíochta.

Chonacathas do roinnt rialtais i ndiaidh a chéile cur le freagrachtaí an NTMA; tá reachtú déanta ar chúig phíosaí reachtaíochta suntasacha a chlúdaíonn gníomhaíochtaí an NTMA agus tá feidhmeanna breise curtha leis faoi reachtaíocht eile..

Cuireadh bainistíocht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsin i leith an NTMA í 1 Aibreán 2001. Cé go ndéanann Coimisiún neamhspleách cinnithe infheistíochta, luíonn feidhmiú na gcinnithe seo leis an NTMA. I ndiaidh cinnithe an Choimisiún ar straitéis infheistíochta an chiste, mheas agus roghnaigh an NTMA Bainisteoirí idirnáisiúnta Ciste - 19 ina iomlán - agus dháil siad orthu réimsí sainmhínithe an chiste le hinfheistíocht a dhéanamh orthu. Déanann an NTMA monatóireacht ar fheidhmiú na mbainisteoirí seo ar bhonn laethúil, ag cinntiú a ngéilliúlacht lena bhfreagrachtaí áirithe, agus buaileann siad leo ó am go ham le hathbhreithniú a mheas. Sa bhreis ar sin déanann an NTMA bainistiú díreach ar phonainn éignhníomhacha an Chiste, comhlíonann siad gach feidhm malartaithe eachtranaigh, bainistíonn siad airgead thirim agus comhlíonann siad gach idirbheart airgeadais. Tá scaranna ag an gCiste anois i mbreis agus 1,200 cuideachta agus faoi láthair tá siad ag smaoineamh ar rangú nua sóchmhainní, lena n-áirítear maoin, cuideachtaí, bannaí corporáideacha, scar príomháideach agus páirtnéireachtaí poiblí-príomháideacha.

Ó mí na Nollag 2001 dífheidhmigh an NTMA mar an Ghníomhaireacht Éilimh Stáit, ag bainistiú éilimh, go príomhdha i gcoinne Airí Rialtais agus an tÁrd-Aighne, do ghortú pearsanta agus damáiste do mhaoin. Le déileáil leis seo, rinne an NTMA eacrú ar bhainisteoirí éilimh a bhfuil taithí mhaith acu, mar aon le

cáilíochtaí i ndlí, innealtóireacht agus míochaine. Tá córas gréasán-bhunaithe tuairsceoireachta súiteála le haghaidh éilimh agus eachtraí. Bítear ag déileáil le suas le 2,000 éileamh ag aon am. Feidhm tábhachtacht eile ná soláthar comhairle ar mhaolú a dhéanamh ar rioscaí faillí sa tseirbhís poiblí, lena n-áirítear an tseirbhís sláínte, le súil le éileamh a laghdú sa todhchaí.

Ar an 1 Eanáir 2003 bunaíodh an Ghníomhaireacht Forbartha Náisiúnta Airgeadais. Tá freagracht ag an nGníomhaireacht seo le comhairle a thabhairt ar an bhealach is fearr airgeadú a dhéanamh ar thionscadail airgead poiblí, lena n-áirítear páirtnéireachtaí príomháideacha-poiblí. Soláthraíonn sé freisin iasachtaí nógeallúintí go €5 billiún agus tá ar a chumas cuideachtaí ar fháthanna a speisialta a bhunú. Go dáta tá sé páirteach i gcomhairle airgeadais ar mhórthionscadail, ó bhealaí mótair agus iarnród go leathanbhanda, ó phríosúin go tionscadail tithíochta agus ionaid coiréala uisce.Tá gach tionscadal a chosain ós cionn €20 milliún curtha ina threo ag an Stát. Táthar ag tuar go rachaidh caiteachas caipitil thar an tréimhse 5 mbliana atá le teacht os cionn €30 billiún.

Maidir le bainistiú cistí, tá an NTMA ag bainistiú an Chiste Árachais Sóisialta, le sóchmhainní de bhreis agus €1 billiún. I 2003 thit freagracht bainistíochta Chiste na gCuntas Díomhaoin ar an NTMA, ag clúdach méideanna nár éilíodh ó chuntais bainc, agus le déanaí tá sé seo sínithe go polasaithe árachais nach bhfuil éilithe. Tugann reachtaíocht eile an NTMA feidhmeanna áirithe maidir le hurrúis atá clúdaithe ag sóchmhainní eisithe ag inistitidúidí eile airgeadais in Éirinn.

Is í an NTMA an taon institiúid airgeadais faoi rialí dhírigh an Rialtais atá taobh amuigh den státsheirbhís, feidhmíonn sé le freagracht tráchtála agus tá an cumas aige earcaíocht a dhéanamh ar phearsanra gairmiúil ón earnáil phríomháideach ag rátaí an mhargaidh. É sin ráite tá an cumas aige agus an solúbacht déileáil le réimse leathan saincheisteanna airgeadais thar ceann an Stát. Tá na feidhmeanna breise a bronnadh ar an NTMA tar eis úsáid níos mó a thabhairt do i rialú láidir airgeadais, riosca agus cumas próiseála idirbheartaíochta, a chórais comhtháite teicneolaíocht an eolais agus a fheidhmeanna inmheánacha iniúchta. Sa bhreis ar sin tá de thairbhe aige bheidh in ann teacht ar saineolas cheithre bhord - Coiste Comhairleach an NTMA, an Coimisiún Náisiúnta Cúlthaisce Pinsin, an Ghníomhaireaht Éilimh Stáit agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais chomh maith le dhá Choiste Iniúchta. Tá socruithe solúbtha oibre le pá ceangailte le feidhmiú tar eis an NTMA a chumasú le foireann bheag - fós faoi 100 - beag beann ar an raon níos leithne freagrachtaí.

Mar an chéad oifig fiacha bunaithe le déanaí, tagann tíortha eile mórthimpeall an domhain chuig an NTMA ag iarraidh samhail a dhéanamh ar an deabheart atá déanta ag Éirinn lena suíomh airgeadais a fheabhsú. Tá suim níos mó idirnáisiúnta ó tharla an réimse leathan freagrachtaí, go háirithe i réimse ciste na bpinsean, rud atá ina bhuairt mór i tíortha le daonraí atá sean.

Déanann an tuairisc sonrach a leanann an méid seo iarracht a dhéanamh gníomhaíocht an NTMA le linn 2003 agus suas go Meitheamh 2004 a chur os bhur gcomhair ag baint úsáide as teanga atá soiléir intuigthe. Tá cuid mhaith den fhaisnéis dírithe ar infheisteoirí póitéisneiúla i bpáipéar Rialtas na hÉireann agus díeagraíochtaí atá ag déanamh measúnú ar chumas creidmheasa an Stát.

Foilsíonn an Culchiste Náisiúnta Pinsin agus Bord an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais tuairiscí bhliantúla sonracha.

Príomhfheidhmeannach

Michael J. Somers

Stiúrthóirí

John C. Corrigan
Culchiste Náisiúnta Pinsin

Anne Counihan
Gnóthaí Dlithiúla agus Corporáideacha agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais

Adrian J. Kearns
Gníomhaireacht Éilimh Stáit

Brendan McDonagh
Airgeadas, Teicneolaíocht agus Riosca

Oliver Whelan
Maoiniú agus Bainistíocht Fiacha

Coiste Comhairleach

John F. Daly (Cathaoirleach)
Cathaoirleach, IIMC Teo.

Gerold W. Brandt
Ball Bord Maorseachta Adidas-Salomon AG, Munich

Paul Carty
Comhairleoir Airgeadais

Tom Considine
Rúnaí Ghinearálta, Roinn Airgeadais

Lewis L. Glucksman
Infheisteoir Príomhaideach

Joe Moran
Iar Phríomhfheidhmeannach, Bord Soláthar an Leictreachais

Donald C. Roth
Páirtnéir Bainistíochta, Emerging Markets Partnership, Washington D.C.

Coiste Comhairleach

Bhuail an Coiste Comhairleach le chéile go foirmeálta cúig huaire le linn 2003. Tharla cruinnithe eile le baill an choiste ar bhonn rialta. Bunaíodh Coiste Iniúchta, déanta suas de bhaill an Choiste Comhairleach i mí Eanáir 2003.

Gabhann an NTMA buíochas do bhaill an Choiste as a gcuid comhairle agus cúnamh le linn na bliana agus dá dtiomantas ama agus iarrachta.

(Líne cúl – ó chlé go deas) Donald C. Roth, Gerold W. Brandt, Tom Considine, Paul Carty,
(Líne tosaigh – ó chlé go deas) Joe Moran, John F. Daly, Lewis L. Glucksman

Foireann

Is mór leis an bPríomhfheidhmeannach agus na Stiúrthóirí tiomantas agus dian oibre baill foirne le linn na bliana.

ATHCHOIMRE AR GHNÍOMHAÍOCHT

Is iad seo leanas príomhghnéithe 2003:

FIACHAS NÁISIÚNTA

- Lean Éireann leis an dara cóimheas Fhiachais/OTI is ísle den 15 Ballstát.
- Mhéadaigh an cóimheas Fiachais Ginearálta Rialtais (GG Fiachas)/OTI 0.5 pointe céatadáin go 32.8 faoin gcéad ag deireadh 2003, agus thit cóimheas an Fhiachas Náisiúnta/OTN tradisiúnta 0.8 pointe céatadáin go 34.4 faoin gcéad thar an tréimhse céanna.
- Bhí caiteachas iomlán seirbhíse fiachais i 2003 ag €2,277 milliún sin €203 milliún faoi bhuiséad.
- Ghlac íocaíochtaí úis 4.8 faoin gcéad ar an bhFiachas i 2003 ag €1,765 milliún den airgeadas iomlán cánach - i 1991 bhí sé ag 26.6 faoin gcéad.
- Baineadh amach €29 milliún de luach bhreise i gcoinne táirseach iniúchta go seachtrach.
- Ardaíodh €6.6 billiún le linn 2003 ag toraidh de 3.24 faoin gcéad go 4.45 faoin gcéad, trí naoi cheant bhannaí, a tionóladh ag baint úsáide as córas leictreonach ceant.
- Seoladh táirseach nua bannaí, an 3.25º% Banna Stáchiste 2009, i mí Feabhra 2003 le ceant €1 billiún, an ceann is mó riamh ag an NTMA.
- Leanann Éireann le margaíocht agus dáiliúchán a dhéanamh ar a cuid bannaí tríd an gceantchóras trína Bhun Dáilitheoirí ag seachaint an gá atá le táillí sindeacáite.
- Tá 75 faoin gcéad de bhannaí Rialtas na hÉireann á gcoimeád ag neamh-chónaitheoirí i gcomparáid le 22 faoin gcéad ag deireadh 1998. Thóg neamh-chónaitheoirí suas beagnach iomlán an fhiachais nua eisithe le linn 2003.
- Tá toraidh ar bhannaí Rialtas Éireann geall a bheith cothram le toraidh Gearmánacha agus Francacha.
- Bhí toraidh bannaí ag deireadh 2003 agus i mí an Mheithimh 2004 ag:

	Deireadh 2003	Meitheamh 2004
3.25% Banna Státchiste 2009	3.65%	3.66%
5% Banna Státchiste 2013	4.27%	4.27%
4.6% Banna Státchiste 2016	4.48%	4.51%
4.5% Banna Státchiste 2020	Eisithe Eanáir 2004	4.74%

- Bhí láimhdeachas i mbannaí Rialtais Éireann ar Stoc Mhalartán na hÉireann i 2003 ag €74 billiún.
- Lean an NTMA de bheith gníomhach sa mhargadh aisghabháil (a tháinig chuig €263 billiún i 2003).
- Iompraíonn 77 faoin gcéad den bhFiachas Náisiúnta ag ráta socruithe úis, ag coimeád an fhiachas ag leibhéil stairiúil íseal úis.
- Tá an Fiachas Náisiúnta iomlán anois in airgeadra an euro.
- Díárdaigh scéimeanna coigiltis Rialtais a dhéanann suas 14 faoin gcéad den bhFiachas Náisiúnta €280 milliún i 2003.

TOIRT AIRGEAD THIRIM

- Bhí oll sreabhadh airgid thirim thar gach gníomhaíocht gnó ag €441 billiún.

RÁTÁÍL CREIDMHEASA

- Díathchinntigh Moody, Standard & Poorí, Fitch, agus Rating agus Investment Information Inc. barr AAA rátáil creidmheasa fad-théarmaigh mar aon leis an meid céanna i mbarr rátáil gearrthéarmacha.

CÚLCHISTE NÁISIÚNTA PINSIN

- Ghnóthaigh an Ciste teacht ar ais infheistíochta de 12.8 faoin gcéad i 2003.
- Bhí luach margaidh an Chiste ag 31 Nollaig 2003 ag €9,561 milliún i gcomparáid le €7,426 milliún ag 31 Nollaig 2002.
- Rinne an Chiste tiomantas de €1,911 milliún go margaí domhanda airgeadais trí 2003. De thoradh an mheán theacht isteach ar an gCiste tá déanta níos fearr ag an gCiste ná mar a bhí leagtha síos ag a tháirseach faoi 9.6 faoin gcéad ó thosnaigh sé.
- Ar an iomlán bhí scaranna ag an gCiste i 1,286 cuideachta thar 23 margadh ag deireadh 2003.
- Ag deireadh 2003 bhí gabháltais an Chiste mar seo leanas::

	% den Chiste
Cothramas	71.5
Bannaí	14.0
Airgead thirim agus a ionann	14.5

- Tá an NTMA faoin shainordú ag an gCoimisiún punainn éighníomhach bannaí de €1 billiún, airgead thirim de €1.2 billiún agus clár airgeadra €2 bhilliún.
- Bhí sóchmhainní an Chiste ionann is 8.8 faoin g`cead de OTN.
- Tá an NTMA freagrach as bainistiú a dhéanamh as iomlán de 18 bainisteoir infheistíochta idirnáisiúnta, airíoch domhanda agus comhairleoirí infheistíochta idirnáisiúnta eile.

GNÍOMHAIREACHT ÉILIMH STÁIT

- Tá am SCA faoi láthair ag bainistiú breis agus 2,000 éileamh gortaithe pearsanta, lena n-áirítear 600 éileamh le iaghaidh líomhaintí faoi míchúram cliniciúil.
- Tá laghdú léirithe i líon na n-éileamh ,seachas éilimh chliniciúla, le roinnt míosa anuas.
- Deineadh toscaireacht ar an Scéim Slánaíochta Cliniciúil chuig an SCA i mí Feabhra 2003.
- Thosnaigh an SCA ag áireamh imeachtaí cliniciúla i mí lúil 2002. Go dáta, tá taifead déanta ar 40,000 eachtra. Ní eascraíonn gortaithe pearsanta as a bhfurmhór daoibh seo agus ní léir go mbeidh éilimh dá thoradh. É sin ráite, cabhraíonn siad le roinnt treoracha a thabhairt ar bhonn bainisríochta riosca.
- Le tabhairt isteach córas tuairisceoireachta eachtraigh bunaithe ar an idirlíon, beidh ar chumas an SCA sonraí a fheiceáil ar imeachtaí cliniciúla in ospidéil agus fiontair eile cúram sláinte, a bheidh caighdeánaighe, taifeadtha agus anailís déanta orthu i mbunachar sonraí lárnach náisiúnta.
- Choimeád an Chúirt Uachtarach i mí Feabhra 2003 nach bhféadfadh gearánaithe damáistí a fháil do ghortú siceatrach líomhainte ag eascairt as baol neamhreasúnach galar a thógáil áit a bhí baol beag go bhfaighfí an galar (éilimh buartha ach maith).
- Tá an SCA faoi láthair ag iarraidh costais a fháil ar ais ó thart ar 500 gearánaí a thug éilimh ìbuartha ach maithî gaolmhar le héilimh aispeiste.
- Áiríodh i measc bearta bainistíochta riosca tionscnaithe ag an SCA le linn 2003 seimineár i scoileanna pobail, á gcur ar an airdeall maidir le rioscaí damáiste pearsanta ar scoil. Tá beartais bainistíochta riosca déanta maidir leis an gcuid eile de phunainn an SCA dífhonn éilimh sa todhchaí a mhaolú.
- Tá críoch curtha le breis agus 800 éileamh go sásúil go dáta ar chostas €9 milliún - cúiteamh €6.5 milliún agus costais eile de €2.5 milliún. Tá 100 éileamh eile socruithe ag brath ar aontú faoi chostais.

SEIRBHÍSÍ LÁRNACH AN STÁTCHISTE

- Leanann an NTMA ag soláthar éagsúlachtaí don tionscail bainc, díÚdaráis Áitiúla, Boird Sláinte agus Coistí Gairmoideachais díiasachtaí.

GNÍOMHAIREACHT FORBARTHA NÁISIÚNTA AIRGEADAIS

- Bunaíodh an NDFA ar an 1 Eanáir 2003 le comhairle airgeadais a thabhairt díúdaráis stáit agus le cúnamh a thabhairt maidir le airgeadú costas-éifeachtach a sholáthar do thionscadail tosaíochta bonngeagair.
- Tá ar chumas an NDFA airgead roimh ré a thabhairt ar iasachtaí ar gá íoc ar ais, cothramas agus geallúintí suas go hiomlán le chéile de €5 billiún agus cuideachtaí ar fháthanna speisialta a bhunú.
- Le linn 2003, chríochnaigh an NDFA comhairle maidir le sé thionscadal le luach iomlan de bhreis agus €700 milliún agus díeagraigh siad áiseanna iasachta de €250 milliún dá leithéid de thionscadail.
- Faoi láthair tá an NDFA ag soláthar comhairle airgeadais maidir le fiche thionscadal eile le luach caipitil de bhreis agus €5 billiún.

CISTE ÁRACHAIS SÓISIALTA

- Déanamm am NTMA infheistíocht ar bhreis €1.3 billiún an Chiste de réir treoirlínte eisithe ag an tAire Airgeadais.

CISTE NA gCUNTAS DÍOMHAOIN

- Thosaigh an NTMA bainistíocht ar Chiste na gCuntas Díomhaoin i 2003; sheas an Chiste ag €175 milliún ag deireadh na bliana.
- In Aibreán 2004 aistríodh €33 milliún breise ó chuntais bainc díomhaoin breise isteach sa Chiste.
- Aistríodh €23 milliún sin sochar glan roinnt polasaithe árachais de húnéirí na bpolasaithe nach bhféadfaí teacht orthu isteach sa Chiste in Aibreán 2004.

ÚRRÚIS CLÚDAITHE AG SÓCHMHAINNÍ

- Titeann roinnt feidhmeanna ar an NTMA faoin Acht um Chlúdach Sócmhainní Urrúis 2001 maidir leis faigheann sé táillú gaolmhar bunaithe ar an leibhéal gníomhaíochta gnó.
- Le linn 2003 eisíodh €12.5 billiún de hurrúis clúdaithe ag sóchmhainní in Éirinn faoin Acht.

BAINISTÍOCHT LEACHTACHTA BHANC CEANNAIS NA HEORPA

- Bainistíonn an NTMA leachtacht baile maidir le iarmhéideanna Rialtais thar ceann Bhanc Ceannais na hEorpa.
- Bhain an gníomhaíocht margaidh anseo le maoin a ardú agus taiscí a chur i margaí airgid gearr théarmacha go luach €169 billiún i 2003.

MAOINIÚ GNOMHAIREACHT AIRGEADAIS TITHÍOCHTA

- Le giaráil a dhéanamh ar phríomh caighdeán creidmheasa na hÉireann, ghlac an NTMA freagracht gníomhaíochtaí maoinithe thar cheann an HFA i mí Feabhra 2003. De thoradh iasachtaí, a bhí €1.6 billiún i 2003 ar an meán, bhí sábháil úis thart fá €1.3 milliún don HFA.

COMHAIRLEOIREACHT AGUS GAOLMHAIREACHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA EILE

- Leanann tíortha eile le teacht ag an NTMA maidir lena ngníomhaíochtaí bainistíochta sóchmhainní agus dliteanais. Bhí an NTMA mar óstach le déanaí ar Ghrúpa Bainistíochta Fiacha Thíortha Aontacha an AE mar chuid díUachtaranacht na hÉireann.

ACMHAINNÍ DAONNA

- Seasann foireann oibre fostaithe ag an NTMA ag 86 faoi láthair.

MAOINÍU AGUS BAINISTÍOCHT FIACHA

Eascraíonn furmhór maoiniú agus bainistíocht fiacha as aisíoc leanúnach agus athmhaoiniú agus athairgeadú a dhéanamh ar an bhFiachas Náisiúnta atá gar de €38 billiún agus an leachtacht bainistíochta dá thoradh san sna margaí idirnáisiúnta caipitil. Thug sé seo seo sreabhadh airgead breis agus €400 billiún i 2003, rud atá cheithre huaire níos mó ná OTN na hÉireann. Déileaileann an NTMA le breis agus céad banc agus institiúidí airgeadais i gcomhlíonadh a cuid feidhmeanna.

I 2003, bhí riachtanas maoinithe airgead thirim de €1,268 milliún ag an Státchiste, déanta suas de easnamh buiséid de €979 milliún agus airgead tógtha síos ón (1) gCuntas Fuascaitle Seirbhísí Chaipitiúil de €250 milliún agus (ii) €39 milliún ón Cúlchiste Mionthaiscí Airgid. Déanadh infheistíocht gearrthéarmach i bPáipéar Gearrthéarmach Rialtais agus dá bhrí sin bhí gá le athmhaoiniú a dhéanamh orthu le coimeád leis an riachtanas maoinithe airgead thirim.

Le linn 2003 bhí riachtanais maoinithe an Státchsite glan ar feidhmiúcháin leachtacha bainistíochta ná:

FOINSÍ AGUS FEIDHMIÚ CISTÍ €MILLIÚN



Bhí oll sreabhadh airgead thirim thar gach gníomhaíocht margaidh chaipitiúil ná €441 billiún.

OLL SREABHADH AIRGEAD GLAN AN NTMA 2003	€ billiún
Cúlchiste Pinsin Náisiúnta	33
Ciste Árachais Sóisialta	25
Cuntas Fuascailte Seirbhísís Chaipitiúil	3
Cuntas Státchiste	303
Cuntais Airgeadra Eachtrannaigh	45
Cuntais Bainc Díomhaoin	1
Gníomhaireacht Airgeadais Tithíochta	28
Páipéar Talmhaíochta Tráchtearraí Idirghabhála	3
Iomlán	**441**

AN FIACHAS NÁISIÚNTA

Bhí an Fiachas Náisiúnta, mar a déantar a mheasúnú go traidisiúnta, sin glan ar iarmhéideanna airgead thirim, ag €37.6 billiún ag deireadh 2003 i gcomparáid le €36.4 billiún ag deireadh 2002. Tá an méadú sa bhFiachas de €1.25 billiún, de thoradh easnamh Státchiste €979 milliún, mínithe thíos.

ATHRÚ SA BHFIACHAS NÁISIÚNTA I 2003	€ milliún	€ milliún
Fiachas Náisiúnta (deireadh 2002)		36,361
Móide		
• Easnamh Státchiste	979	
• Laghdú i gcothramas ar an gCuntas Fuascailte Seirbhísís Chaipitiúil	250	
• Lascaine glan ar Sciaranna agus Cealúcháin [1]	27	1,256
Lúide		
• Éifeacht Ráta Malartaithe Fábharach		-7
Athrú sa bhFiachas Náisiúnta		1,249
Fiachas Náisiúnta (deireadh 2003)		37,610

AIRGEADRA AGUS FAID AN FHIACHAIS

Chuir an NTMA deireadh le riosca malartaithe eachtrannaigh tré fhalú amach a dhéanamh ar gach dliteanas neamh-euro i 2003. Dá thoradh seo, bhí 100 faoin gceád den bhFiachas Náisiúnta sa euro i gcomparáid le 98 faoin gcéad ag deireadh 2002.

I ndiaidh eisiúint bannaí fadtéarmach de €6.6 billiún rud, inter alia, a rinne athmhaoiniú €3 billiún i bpáipéar gearartháarmach, mhéadaigh faid an fhiachais ó 4.47 go 4.85 bliain le linn 2003.

1 *Tarlaíonn buntáillí/Lascainní nuair a eisítear nó a chealaítear bannaí ag aon rud seachas a luach par de bharr difríocht idir an cúpón ar an bhfiachas agus tairgí an mhargaidh.*

FIACHAS AN RIALTAIS GO GINEARÁLTA

Is éard atá i bhFiachas Ginearálta an Rialtais (GGD) ná sainmhíniú an fhiachais úsáidte ar bhonn comparáideach laistigh den Aontas Eorpach. Is é an Fiachas Náisiúnta príomh ghné an GGD. Seo an oll mheasúnú ar an bhfiachas agus ní áiríonn sé aon seach-chuir do iarmhéideanna airgead thirim an Státchiste. Sa bhreis ar sin, áiríonn GGD fiacha Rialtais Áitiúil, roinnt cistí breise buiséid agus an ús fabhraithe nach soláthraítear do ar na Sceimeanna Coigiltis Náisiúnta.

Measadh GGD ag €43.2 billiún ag deireadh 2003 i gcomparáid le €41.8 billiún ag deireadh 2002. Cé gur laghdaigh an Fiachas Náisiúnta €1.25 billiún, is é an méadú i bhfiacha na nÚdarás Áitiúla an príomh fhachtóir fágtha le cuntasaíocht a dhéanamh ar an méadú iomlán de €1.4 billiún sa GGD.

TREOCHT SA BHFIACHAS NÁISIÚNTA AGUS FIACHA GINEARÁLTA RIALTAIS

Tá an treocht sa bhFiachas Náisiúnta agus an GGD thar tréimhse deich mbliana imithe tharainn léirithe sa léaráid thíos:

Claonadh i bhFiachas le 10 mbliana anuas



FOINSE: EUROSTAT AGUS NTMA.

CÓIMHEAS FIACHA

I 2003 dífhás OTN ainmniúil 5.6% agus OTI 2 faoin gcéad. Mhéadaigh Fiacha Ginearálta an Rialtais/OTN 0.5 pointe céatadán le linn na bliana do 32,8 faoin gcéad ag deireadh 2003. Ar an lámh eile, má mínítear an Fiachas Náisiúnta mar chéatadán den OTI laghdaigh sé 0.8 pointe céatadán go 24.4 faoin gcéad sa tréimhse céanna.

Claonadh i bhFiachas Náisiúnta agus Cóimheas Ginearálta
Fiachas Rialtais Cóimheas Riachais



FOINSE: EUROSTAT, ROINN AIRGEADAIS & NTMA.

Léiríonn plean trí bliana an Rialtais maidir leis an mBuiséad a fógraíodh i mí na Nollag 2003 i dtreo seasamhacht sa cóimheas GGD/OTI thar tréimhse 2004 - 2006 - ag 33 faoin gcéad.

Tá bunshuíomh na hÉireann i bhfad níos fearr mar a tharlaíonn sé - nuair a tógtar cuntas den €9.56 billiún sa Chúlchiste Pinsin Náisiúnta ag deireadh 2003 titeann an cóimheas GGD go 25.5 faoin gcéad.

COMPARÁID IDIRNÁISIÚNTA

Cóimheas GGD/OTI do AE- 15 Ballstát 2003



FOINSE: EUROSTAT, MEASTACHÁN 2003 D'ÉIREANN - ROINN AIRGEADAIS.

Ag síneadh an chompráid maidir le suíomh na hÉireann le áireamh a thógáil de na 10 ballstát nua den AE bogann Éireann ón 2ra thír as 15 go dtí an 6úthír as 25 thír.

Cóimheas GGD/OTN do Bhallstáit an AE agus 10 Thír Aontacha 2003



FOINSE: EUROSTAT, 2003 MEASTACHÁN DÉIREANN - ROINN AIRGEADAIS

Ag deireadh 2003, dífhan fiachas comparáideach na hÉireann ar an dara ceann is ísle i measc 15 Ballstát den Ae ag beagnach leath an mheán Eorpach. Seo comparáid le suíomh i bhfad níos airde ná an meán sa chéad leath de na 1990dí.

Cóimheas GGD/OTI i gcomparáid le AR-15 (gan Éireann)



FOINSE: EUROSTAT, MEASTACHÁN 2003 D'ÉIREANN – ROINN AIRGEADAIS

Léiríonn an suíomh fábarach seo feidhmiú eacnamúil na hÉireann ar bhealach fábharach seachas athrú ábhartha i meán an AE é fhéin, faoin mar is léir ón léaráid thíod:

Éireann agus AE-15 Cóimheas Meán-fhiachais/OTI



FOINSE: EUROSTAT, MEASTACHÁN 2003 D'ÉIREANN – ROINN AIRGEADAIS

COSTAIS FIACHA SEIRBHÍSE

Bhí an toradh ag €2,277 milliún níos ísle ná an meastachán buiséad faoi €203 milliún, é sin thíos gp príomhdha le roinnt fachtóirí teicniúla, lena n-áirítear rátaí úis fábharacha, suíomh iarmhéid Státchiste níos fearr ná mar a bhíothas ag súil leis, chomh maith le roinnt beartais bainistíochta fiacha. Ba é €2,480 milliún (€2,230 ón Státchiste agus €250 milliún ón gCuntas Fuascailte Seirbhísí Chaipitiúil (CSRA)) an buiséad seirbhíse fiacha iomlán.

ANAILÍS AR TORADH SEIRBHÍS FIACHA AN STÁTCHISTE GAOLMHAR LEIS AN MBUISÉAD (€ milliún)

	TORADH	BUISÉAD
Caiteachas Seirbhís Fiacha Státchiste	2,027	2,230
Móide: Íocaíocht ón CSRA		250 250
Caiteachas Seirbhís Fiacha Státchiste thíos	2,277	2,480
Athrú fábharach ón mBuiséad	**203**	

Áiríonn costais seirbhíse fiacha €2,277 milliún íocaíochtaí úis de €1,765 milliún, íocaíochtaí ciste suncála €480 milliún, táillí €17 milliún agus costais riaracháin de €15 milliún. Áiríonn íocaíochtaí úis de €1,765 milliún an íocaíocht thuasluaite de €250 milliún ón CSRA.

Áirithe sa chaiteachas seirbhíse fiacha bhí €441 milliún díúis ar scéimeanna coigiltis Rialtais. Tá an €441 milliún seo €75 milliún níos airde ná an méid soláthraithe sa Bhuiséad; eascraíonn an €75 milliún breise ar an Státchiste ón chinneadh iarmhéid bheag a choimeád sa Chúlchiste Mionthaiscí Airgid ag gar de 50 faoin gcéad den ús fabhraithe measta.

Léiríonn léaráid thíos briseadh síos costais seirbhíse fiacha:

ANAILÍS AR SEIRBHÍSIÚ FIACHAIS CÓIMHEASTÚIL LEIS AN MBUISÉAD - € MILLIÚN



Tháinig méid airgead cánach ag dul i dtreo íocaíochtaí úis go 4.8 faoin gcéad i gcomparáid le 26.6 faoin gcéad i 1991. Seo laghdú 80 faoin gcéad sna blianta eatramhacha.

Ús mar % Airgead Cánach



NÓTA: TÁ AN TSRAITH UÍS OIRIÚNAITHE CHUN COSTAS ÚIS FHABHRAITHE AR NA SCÉIMEANNA NÁISIÚNTA COIGILTIS A LÉIRIÚ.

Tá costais úis titithe ó 8.4 faoin gcéad den OTN i 1991 go 1.4 faoin gcéad ag deireadh 2003.

Ús mar % den OTN



NÓTA: TÁ AN TSRAITH UÍS OIRIÚNAITHE CHUN COSTAS ÚIS FHABHRAITHE AR NA SCÉIMEANNA NÁISIÚNTA COIGILTIS A LÉIRIÚ.

Tá an meán costas úis i seirbhísiú a dhéanamh ar an bhFiachas Náisiúnta titithe go substaintiúil ó 8.7 faoin gcéad i 1991 go 4.1 faoin gcéad i 2003. Is léiriú ar laghdú sa mheán ráta úis an íos-treocht i rátaí domhanda le blianta beaga anuas, rátaí creidmheasa feabhsuithe na hÉireann agus beartais bainistíochta fiacha an NTMA, mar aon le páirtíocht na hÉireann sa chrios euro.

Treo sa Mheán Chostas Úis i Seirbhísiú an Fhiachais Náisiúnta 1991 - 2003



NÓTA 1: TÁ AN TSRAITH UÍS OIRIÚNAITHE CHUN COSTAS ÚIS FHABHRAITHE AR NA SCÉIMEANNA NÁISIÚNTA COIGILTIS A LÉIRIÚ.

NÓTA 2: TÁ AN TSRAITH FHIACHAS NÁISIÚNTA OIRIÚNAITHE CHUN ÉIFEACHT IOMLÁN ÚIS FHABHRAITHE AR NA SCÉIMEANNA NÁISIÚNTA COIGILTIS A LÉIRIÚ.

ÚS FABHRAITHE AR SCÉIMEANNA COIGILTIS NÁISIÚNTA

Toisc nach n-íoctar ús amach ach amháin ar airgead a fháil ar Theastais Coigiltis, Bannaí Coigiltis agus Coigiltis Náisiúnta Tráthchodacha, tá dliteanas mór carnaithe le blianta maidir leis an t-ús fabhraithe. Bunaíodh an Cúlchiste Mionthaiscí Airgid i 1994 le déileáil leis an gceist seo. Ó 1999 sholáthar an tAire Airgeadais sa bhuiséad do fhabhrú iomlán ar ús. Ag deireadh 2003, sheas an Cúlchiste ag €1,069 milliún, nó breis agus 53 faoin gcéad den ús fabhraithe de €2,008 milliún.

DÉANTÚÍS AN FHIACHAIS

Tá déantús an Fhiachais Náisiúnta ag deireadh 2003, mar aon le rátaí comparáideacha le haghaidh 2002, léirithe thíos:

	€ milliún (ainmniúil)			
		31 Nollaig 2003		31 Nollaig 2002
Bannaí airgeadraithe i euro				
(liostáilte ar Stoc Mhalartán na hÉireann) As sin:				
Infheisteoirí Baile	7,530		7,655	
Infheisteoirí nach cónaitheoirí iad	20,600	28,130	14,668	22,323
Fiachas Eile Meán Téarmach		931		2,804
Scéímeanna Náisiúnta Coigiltis		5,455		5,173
Fiachas Gearr-théarmach		3,094		6,061
Iomlán:		**37,610**		**36,361**

GNÍOMHAÍOCHT MAOINITHE

Ghlac an NTMA maoiniú bannaí iomlán de suas le €6.6 billiún i 2003 tré shraith naoi cheant. Úsáideadh suas le 2.7 billiún de seo le athmhaoiniú a dhéanamh ar fhiachas aibí fadtéarmach agus le fiachas eile a cheannach ar ais agus baineadh úsáid as an fuíollach de €3.9 billiún le maoiniú a dhéanamh ar easnamh an Státchiste agus le athmhaoiniú a dhéanamh ar €3 billiún den fiachas gearrthéarmach. Leanúint le polasaí a thosnaigh i 2002 agus a lean isteach i 2004 a bhí in athmhaoiniú an fiachas gearrthéarmach i maoiniú fadtéarmach a chur faoi ghlas ag toraidh an- íseal go stairiúil.

PRÓFÍL AIBÍOCHTA

Ag deireadh 2003 bhí aibíochtaí ag bannaí sa euro ag imeacht ó 2016 - síníodh an aibíocht seo go 2020 le heisiúint táirseach banna nua i mí Eanáir 2004. Rinne an cheithre banna táirsigh suas geall le 90 faoin gcéad de na banní iomlana a bhí seasta amach ag deireadh 2003. Faoi dheireadh 2005 beidh athmhaoiniú déanta ag an NTMA sna margaí trí iasachtaí nua thart faoi seachtócúig faoin gcéad den €931 milliún fiachas meánach (m.sh. fiachas ó airgeadra eachtrannaigh eile) rud a bheidh aibigh ag an am sin.

Tá an phunainn fiachais gearrthéarmach déanta suas de Nótaí Státchiste, Nótaí Lár Státchiste, Nótaí Mír 69 agus Páipéar Tráchtála, a bhfuil aibíocht iomlán acu uilig de dhá mhí dhéag. Árdaíonn an NTMA maoin gearrthéarmach ar mhaithe leis an Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta faoina chlár páipéir tráchtála.

Tá an phrófíl aibíochta den bhfiachas atá seasta amach, lena n-áirítear 4.5% Bannaí Státchiste 2020 a eisíodh i mí Eanáir agus clár páipéar tráchtála an Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta, ag deireadh 2003 agus Meitheamh 2004 léirithe thíos:

Prófíl Aibíochta an Fhiachais



FOINSE: NTMA

Caithfidh an clár iasachta le athmhaoiniú a dhéanamh ar an bhfiachas seo cuntas a ghlacadh ar gá na hÉireann le eisiúintí táirsigh a bheidh aici ag pointí cúig agus deich mbliana ar an cuar toraidh chomh maith leis an riachtanas iasachta atá sonraithe i mbuiséad na Nollag 2003. Smaoineoidh an NTMA ar ofráil a dhéanamh díinfheisteoirí ina bhannaí táirsigh atá ag teacht chun aibíochta an deis le haistriú go dtí an banna táirsigh cúig nó deich mbliana. Tá a leithéid de bhannaí táirsigh riachtanach le cumas na hÉireann le maoin a thógáil ar iasacht ag rátaí úis cosúil leis an Ghearmáin agus an Fhrainc.

Coras Déileáílaithe Bunúsach

Tá seacht gcinn de Dhéileáílaithe Bunúsacha ag Rialtas na hÉireann atá aitheanta ag an NTMA a dheineann praghasanna dhá-bhealaigh leanúnaigh i mbannaí aitheanta in íosmhéideanna sonraithe agus laistigh díuasraon sonraithe. Tá roinnt stocbhroicéirí a choimeádann le orduithe na gcliant. Déanann na Déileáílaithe Bunúsacha suas 95 de láimhdeachas i margadh bannaí Rialtas na hÉireann.

Is iad seo na Déileáílaithe Bunúsacha* :

ABN AMRO, Londain
AIB Capital Markets, Baile Átha Cliath
Barclays Capital, Londain
Calyon, Páras
Citigroup, Londain
Davy Stockbrokers, Baile Átha Cliath
Deutsche Bank, Frankfurt

* Stad Stocbhróicéirí NCB de bheith ina dhéileáílaithe bunúsacha ar an 31 Deireadh Fomhar 2003. Tháinig Barclays Capital isteach mar Dhéileálaí Bunúsach i mí Feabhra 2003. Le héifeacht ó 3 Bealtaine 2004 aithníodh Credit Agricole Indosuez mar Calyon tareis nasc idir Credit Agricole agus Credit Lyonnais.

Is baill de Stoc Mhalartán na hÉireann na Déileáílaithe Bunúsacha, áit atá bannaí Rialtais Éireann liostáilte. Is baill freisin iad de EuroMTS agus MTS Éireann. Tá rochtain iomlán ach do cheantanna bannaí NTMA agus is féidir leo teacht a bheith acu ar aiseanna aisghabála a sholáthraíonn Rialtas na hÉireann i mBannaí na hÉireann. Ceannaíonn an NTMA go gníomhach freisin banní Rialtas Éireann atá ìas an rithí óna Dheileailaithe Bunúsacha ag praghasanna iomaíocha margaidh.

Trádáil Leictreonach - EuroMTS agus MTS Éireann

Tá na cúig bannaí táirsigh Éireannacha liostáilte ar an EuroMTS agus MTS Éireann, sin ardáin trádála leictreonacha. Tá aon dhéantúsóir déag margaidh do bhannaí Rialtas Éireann ar EuroMTS, is é sin seacht Déileáilaí Bunúsacha atá liostáilte thuas mar aon leis na hinstitiúidí seo leanas:

Capitalia Banking Group, An Róimh
Dresdner Bank, Frankfurt
Fortis Bank, An Bhruiséal
UBS, Londain

Tá a gcuid bannaí liostáilte ag gach eisiúiní i réimise an euro seachas Lucsamburg ar chóras an EuroMTS. Tá curtha go mór le láimhdeachas tré liostáil bhannaí Rialtas Éireann ar MTS, mar aon le trédheacracht praghas agus leachtacht. Tá an iarracht le réimse a ofráil ar na bannaí cúngaithe, rud atá níos mealltaí díinfheisteoirí de bharr laghdú sa chostas trádála. Le linn 2003 deineadh trádáil ar thart faoi €500 milliún i mBannaí na hÉireann ar an MTS gach seachtain.

Réimse na mBannaí

Tá an t-uas réimse le gur féidir le lucht déanta an mhargaidh praghasanna ceannaithe agus ofrala a dhéanamh dííosmhéideanna sonraithe laghdaithe go mór ar MTS i mí Bealtaine 2004 agus is mar seo leanas atá siad:

Banna	Uas thairiscint - Réimse Ofrala € cent	Íosmhéid déileála € milliún
4.25% Banna Státchiste 2007	3	10
3.25% Banna Státchiste 2009	4	10
5.00% Banna Státchiste 2013	5	10
4.60% Banna Státchiste 2016	7	10
4.50% Banna Státchiste 2020	10	5

Léiríonn an léaráid thíos an tairiscint le réimse a ofráil don mbanna deich mbliana Éireannach ar MTS ó Meitheamh 2002 nuair a tháinig Éireann isteach sa chóras. Tá an tairiscint cúngaithe ó shin go 4 cent mar is féidir a fheiceáil ar an líne treorach. Tá sé seo go socair laistigh den uas-thairiscint le go gcaithfidh lucht déanta an mhargaidh feidhmiú.

Tairiscint le leathadh a ofráil ar Banna Státchiste 5% 2013



FOINSE: EUROMTS

Gnásanna Ceant Bannaí

De ghnáth, tionóltar bannaí ceant Éireannacha, ar an triú Deardaoin den mhí, seachas i mí Eanáir agus mí na Nollag, agus tionóltar iad ag baint úsáide as an Chóras Ceant leictreoonach Bloomberg. An t-am críochnaithe le haghaidh tairiscintí ná 9.15a.m.. Coimeádtear na ceantanna do na Déileáilaithe Bunúsacha agus foilsítear na torthaí ar Bloomberg (leathanach NTMA, ábhar cláir 2) agus ar Reuters (leathanach NTMB) laistigh de chúig noiméad den am críochnaithe do na tairiscintí. Tá ceant neamh iomaíoch don 20 faoin gcéad breise don méid a díoltar sa cheant iomaíoch oscailte le haghaidh dhá lá gnó.

Toraidh Bannaí Rialtas Éireann

Tá toraidh bannaí Éireannacha tar eis teacht le chéile leis an lár mhargadh euro agus tá siad anois ag trádáil ag rátaí an- chomónta le rátaí na Gearmáine agus na Fraince; is ar bhunús na céadtha díaon faoin gcéad atá na difríochtaí toraidh. Cintíonn an todhchaí fábharach do ghéilleagar na hÉireann agus airgead poiblí chomh maith le rátaí creidmheasa AAA ó na gníomhaireachtaí rátaithe móra uilig agus an cóimheas íseal fiacha/OTI, mar aon le liostáil an MTS, go dtaitníonn bannaí Rialtais Éireann le hinfheisteoirí ar phríomh mhargaí na hEorpa. Ta gach cúngú bunús aon phointe den toraidh thar an Ghearmáin ionadaíoch ar luach glan láithreach sábhála don Státchiste de thart ar €4 milliún ar na bannaí nua eisithe i 2003.

Táirseach Éireannach i dToraigh Bannaí Rialtais Eanáir 2003 go Bealtaine 2004



FOINSE: BLOOMBERG . * 3.25% BANNA STÁTCHISTE 2009 A SEOLADH AR AN 20Ú MÍ FEABHRA 2003.
** 4 .5% BANNA STÁTCHISTE 2020 A SEOLADH AR AN 20Ú MÍ EANAIR 2004.

Toraidh Bannaí Éireannach agus Gearmánach do bhannaí ag aibiú i 2016: Eanáir 2002 go Bealtaine 2004



FOINSE: BLOOMBERG

Cuar Leachtach Táirseach Toraidh

Tá cúig phríomh banna táirsigh ag Éireann le aibíochtaó thar cuar toraidh ó trí go sé bliana déag. An méid meánach seasta amach sna bannaí seo ná €5.8 billiún a chintíonn go bhfuil leachtacht sásúil acu. Tá dlite ar na Déileáilaithe Bunúsacha praghasanna dhá-bhealach leanúnacha a dhéanamh sna bannaí táirsigh seo a dheineann suas breis agus 90 faoin gcéad de na bannaí a eisítear.

Banna	Seasta Amach Meitheamh 2004 € billiún	Cód ISIN	Dáta íocaíochta Bliantúil
4.25% Banna Státchiste 2007	6.1	IE00031256211	18 D.F.
3.25% Banna Státchiste 2009	5.0	IE00032584868	18 Aibreán
5.00% Banna Státchiste 2013	6.1	IE00031256328	18 Aibreán
4.60% Banna Státchiste 2016	5.8	IE0006857530	18 Aibreán
4.50% Banna Státchiste 2020	5.6	IE0034074488	18 Aibreán

Eisiúintí Bannaí Éireann i 2003

Tugadh faoi maoiniú iomlán bannaí de €6.6 billiún le linn 2003. Tionóladh sraithe de naoi cheant i mí Feabhra agus i ngach mhí ó Aibreán go Samhain. Cuireadh ceant mí na Márta ar ceal de thoradh míshuaimhneas sa mhargadh. Seoladh banna táirsigh nua, an Banna Státchiste 3.25% 2009, le ceant €1 billiún i mí Feabhra. Ba é seo an cheant ba mhó a thionól an NTMA riamh. Bhí eisiúintí iomlán ón mbanna seo le linn na bliana ionadaíoch ar 60 faoin gcéad den mhaoiniú iomlán bannaí i 2003. Lean eisiúintí bannaí 2013 agus 2016 beartas an NTMA maidir le iasachtaí fadtéarmach ag toraidh íseal stairiúla.

Ar an iomlán bhí na tairiscintí a fuarathas sna ceantanna 2.6 huaire an méid a bhí á thairiscint. Bhí meán chostas na cistí a ardaíodh sna ceantanna díreach aon go trí pointe bunúsacha os cionn costas na mbannaí Gearmánacha.

Ceantanna 2003

Dáta	Banna	Méid a díoladh i gceant iomaíoch: €m	Meán phraghas agus toraidh		Tairiscint le Cóimheas a chlúdach	Méid a díoladh i gceantanna neamh-iomaíoch: €m
20 Feabhra	3.25% Banna Státchiste 2009	1,000	99.315	3.374%	2.3	200
17 Aibreán	4.6% Banna Státchiste 2016	650	101.422	4.453%	2.4	0
15 Bealtaine	3.25% Banna Státchiste 2009	650	100.027	3.244%	2.0	130
19 Meitheamh	4.6% Banna Státchiste 2016	600	105.327	4.057%	2.2	0
17 Iúil	3.25% Banna Státchiste 2009	600	99.318	3.381%	3.0	0
21 Lúnasa	5% Banna Státchiste 2013	600	106.110	4.213%	3.7	120
18 Meán Fómhair	3.25% Banna Státchiste 2009	600	98.457	3.558%	2.7	120
16 Deireadh Fómhair	3.25% Banna Státchiste 2009	700	97.554	3.748%	2.6	0
20 Samhain	5% Banna Státchiste 2013	600	105.261	4.304%	2.6	0

EISIÚINTÍ BANNAÍ ÉIREANN I 2004

Dífhonn infheistíocht a mhealladh sa bhanna fadtéarmach, ofráileadh deis do infheisteoirí sa Bhanna Státchiste 5% 2013 deis cuid dá sealúchais a bhabhtáil isteach i mbanna 16 bliana, an Banna Státchiste 4.5% 2020. Cé gur thairg an margadh €4.8 billiún den mbanna 2013 ar ais sa chéad iar-cheant a rinne an NTMA riamh a tionóladh i mí Eanáir 2004, níor ghlac an NTMA ach le €2 billiún a ofráileadh ag na praghasanna is fearr le babhtail isteach sa bhanna 2020.

Ag tógaint deis an mhargadh láidir lean an NTMA ag eisiúint an bhanna nua i 2004 trí shraith chúig cheant a tionóladh gach mí ó mí Feabhra go Meitheamh. Seo ag leanúint lena pholasaí eisiúint a dhéanamh ar bhannaí fadtéarmach agus toraidh ag coimeád ag leibhéil stairiúla íseal. Tá na ceantanna seo tar eis méid na héisiúintí a thabhairt go leibhéal ag a mbíonn sé ag trádáil ar EuroMTS rud a mhéadaíonn leachtaíocht agus ag laghdú a leathadh. EuroMTS thereby increasing liquidity and reducing spreads.

Tá sonraí na ceantanna suas go Meitheamh 2004 liostáilte ar an tábla seo leanas:

Dáta	Banna	Méid a díoladh i gceant iomaíoch: €m	Meán phraghas agus toraidh		Tairiscint le Cóimheas a chlúdach	Méid a díoladh i gceantanna neamh-iomaíoch: €m
19 Feabhra	4.5 % Banna Státchiste 2020	700	98.322	4.651%	3.0	0
18 Márta	4.5 % Banna Státchiste 2020	500	100.695	4.439%	3.4	100
15 Aibreán	4.5 % Banna Státchiste 2020	600	98.239	4.659%	3.3	120
19 Bealtaine	4.5 % Banna Státchiste 2020	750	96.776	4.793%	2.9	0
17 Meitheamh	4.5 % Banna Státchiste 2020	500	97.014	4.772%	4.2	100

Gabhaltais éagsúlaithe Bannaí Rialtas Éireann

Tá bannaí Rialtais Éireann tar eis bogadh go leanúnach isteach i lámha infheisteoirí eachtrannacha ó tugadh an euro isteach i míEanáir 1999. Tá sealúchais neamh-chónaitheacha meaduithe go 22 faoin gcéad i 1998. Géaraíonn an méid seo tábhacht straitéis NTMA margaíocht a dhéanamh díinfheisteoirí, gaolmhaireachtaí a choimeád le réimse leahan institiúidí airgeadais agus cur chun cinn a dhéanamh ar mhargadh gníomhach i margaí ballaí Rialtas na hÉireann. Chur an méid seo ar chumas an NTMA thart faoi €10 mhilliún a shábháil maidir le táillí siondacáit a gcaithfeadh sé a dhíol pé scéal é ar eisiúint na mbannaí de €6.6 billiún i 2003.

Láimhdeachas agus Leachtacht

Ba é €74 billiún láimhdeachas bannaí Rialtas na hÉireann ar Stoc Mhalartán na hÉireann i 2003, sin méadú 21 faoin gcéad ar fhigiúir 2002. Léiríonn an méadú i láimhdeachas fócas leanúnach ar mhaoiniú bannaí agus ceantanna rialta míosúla chomh maith le cothabháil bannaí móra leachtacha táirsigh. Cuireadh le láimhdeachas freisin tré liostáil bhannaí Rialtas na hÉireann ar ardáin trádála leictreonaigh an Euro MTS agus MTS Éireann.

Láimhdeachas Stoc Mhalartán e bhannaí Rialtais Éireann 2003



FOINSE : STOC MHALARTÁN NA HÉIREANN

Déantar beag de fhigúirí láimhdeachais sa mhéid go ndéileáileann idirmheánaithe nach baill den Stoc Mhalartán iad, go háirithe neamh-chónaitheoirí, le frithpháirtithe cosúil leis na daoine eile nach baill iad ach oiread.

Ba é an láimhdeachas in éineacht de bhannaí Rialtas Éireann ar an dá chóras MTS i 2003 ná €27.1 billiún.

Láimhdeachas Bannaí Rialtas Éireann ar MTS i 2003 2003



FOINSE : EUROMTS LIMITED

AONTAITHE ATHCHEANNAITHE

Áis isea aontaithe athcheannaithe agus frith-aontú athcheannaithe a sholáthraíonn an NTMA do na Déileáilaithe Bunúsacha. Cuireann sé seo ar a gcumas bannaí a thógáil ar iasacht nó airgead thirim le suíomhanna gairid a chlúdach ar bhonn daingnaithe. Úsáidtear an áis le feidhmiú éifeachtaigh margadh na mbannaí a chinntiú agus is foinse mhaith faisnéis margaidh atá ann don NTMA.

Is cuid thábhachtach de leachtacht sa mhargadh bannaí atá in aontaithe athcheannaithe agus tá siad ionadaíoch ar trí huaire go leith láimhdeachas an mhargadh airgead thirim. Soláthraíonn siad módh comhthaobhachta díinfheisteoirí cur leis an méid atá siad ag fáil ar ais tréna ngabháltais bannaí a chur ar iasacht ar bhonn gearrthéarmach. Ba é €263 billiún láimhdeachas aontaithe athcheannaithe Stoc Mhalartán na hÉireann i 2003, méadú 12 faoin gcéad ar 2002.

Láimhdeachas Repo i mBannaí Rialtais Éireann 2003



FOINSE: STOC MHALARTÁN NA HÉIREANN

GNÍOMHAÍOCHTAÍ BUN DEILEÁILAITHE

Bhí scaranna miondála margadh na mbun déileailaithe mar seo leanas le linn 2003:



Bhí tógáil suas ar cheantanna na mbun déileáilaithe mar seo leanas le linn 2003:



Foinse: NTMA

** Nóta: Stad Stocbhróicéirí NCB de bheith ina dhéileáilaithe bunúsacha ar an 31 Deireadh Fomhar 2003.*

Glanadh agus Socrú Bannaí Rialtas Éireann i Euroclear

Is iad Banc Euroclear, sa Bhruiséal a fhéachann i ndiaidh glanadh agus socrú bhannaí Rialtas Éireann. Coimeádann Banc Ceannais na hÉireann agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann clár sealbhóirí na mbannaí, a bhfurmhór in ainm Bhanc Euroclear. Socraítear déileáil bannaí ar bhonn T+3 basis (m.sh. trí lá gnó tar eis an lá trádála).

Innéacsanna Bannaí

Tá Bannaí Rialtas Éireann san áireamhy sna hinnéacsanna idirnáisiúnta bannaí seo leanas:

Bloomberg / EFFAS - Bloc Euro Innéacs Banna Rialtais
Citigroup Global Markets Limited - Innéacs Banna Rialtais an Domhain
EuroMTS Innéacs Réimse Euro
Lehman Brothers - Innéacs Státchiste Domhanda
Merrill Lynch - Innéacs Il-Eorpach Banna Rialtais

Deasca Tánaisteach Trádála

Coimeádann an NTMA feidhm tánaisteach trádála le trádáil a dhéanamh ina chuid bannaí le daoine eile páirteach sa mhargadh. Tá sé seo difriúil ón bhun deasca bannaí agus a chuid gníomhaíochtaí tré ìFhallaí Síneachaî. An ról atá ag an deasca tánaisteach trádála ná leachtacht a sholáthar don mhargadh agus feidhmiú mar fhoinse breise faisnéise ar an mhargadh don NTMA. Déanadh trádáil ar phunainn €84 milliún i mbannaí Rialtais Éireann le linn na bliana le figiúir láimhdeachais de €3.5 billiún a thabhairt. Rinne sé seo cuntas do 4.7 faoin gcéad den láimhdeachas sna bannaí seo ar Stoc Mhalartán na hÉireann le linn 2003.

Tá sainordú ag an deasca tánaisteach trádála bainistíocht a dhéanamh ar shóchmhainní €2.5 billiún, go bunúsach an phunainn neamhghníomhach bannaí ar an gCúlchiste Náisiúnta Pinsin (€1 billiún ag deireadh 2003), breiseachán carnaithe an Chiste Árachais Shóisialta (€1.3 billiún ag deireadh 2003) agus sócmhainní Chiste na gCuntas Díomhaoin (€175 milliún ag deireadh 2003).

Cláracha Nóta Meántéarmach

Tá Clár Nóta Meántéarmach de US$5 billiún Euro ag an NTMA agus Clár Meiriceánach Nóta Meántéarmach US$500 milliún. Cláracha il-airgeadra iad seo a dhéanann éascú ar eisiúintí ilréimse struchtúirí. É sin ráite, de bharr seasamh láidir an mhaoin poiblí agus maoiniú ar éirigh leis tríd an chóras Déileáilaithe Bunúsaigh, ní raibh gá le húsáid a bhaint as na cláracha seo i 2003.

FIACHA GEARRTHÉARMACH AGUS BAINISTÍOCHT AIRGEAD THIRIM

Feidhmíonn an NTMA fiacha gearrthéarmach agus cláracha bainistíochta airgead thirim. Tá na cláracha fiacha gearrthéarmacha déanta suas de US$8 billiún il-airgeadra Páipéar Tráchtála Euro (ECP) don Státchiste agus clár €2 billiún ECP le haghaidh an Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta mar aon le Nótaí Státchiste, ACIBanna agus cláracha Mír 69. Tugtar faoin ghníomhaíocht bainistíochta airgead thirim mar chuid de bhainistiú laethúil an ECB de leachtacht réimse an euro. Ba é €246 billiún láimhdeachas iomlán ar na gníomhaíochtaí seo uilig i 2003.

Briseadh Síos ar Ghníomhaíocht Páipéar Gearr Théarmach 2003



FOINSE: NTMA

Clár Páipéar Tráchtála na hÉireann

Soláthraíonn an ECP cistí ag rátaí mealltacha, go mór faoin bhun EURIBOR, agus úsáidtear é mar dhroichead mhaoiniú in áit fiacha níos faide agus do bhainistíocht leachtachta eile. Is gnáthach gur do thréimhsí mí go sé mhí a tharlaíonn sé in aon cheann díairgeadra príomhdha. Chun nochtadh maidir le airgeadra eachtrannaigh a sheachaint, déantar gach iasachtaí nach i euro iad a bhabhtáil isteach sa euro ag baint úsáide as conarthaí malatraithe eachtrannaigh. Tháinig gníomhaíocht faoin gclár go €19.6 billiún i 2003.

Clár Páipéar Tráchtála an Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta

Faoi reachtaíocht ag clúdach an Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta (HFA), tógann an NTMA iasachtaí ar mhaithe leis an HFA faoina chlár €2 billiún il-airgeadra Clár Páipéar Tráchtála. Is díiasachtaí díúdaráis áitiúla do sholáthar tithíocht shóisialta agus tá gealltanas an Aire futhu. Tá an rátáil gearrthéarmach is airde acu ó Moodyís agus Standard & Poorís. Is do thréimhsí idir míosa go sé mhí is gnáthach do na hiasachtaí seo, ar aon dul le riachtanais an HFA agus tháinig sé go €9.6 billiún i 2003. Déantar babhtáil ar gach iasacht nach i euro é go euro láithreach.

Tá bainistíocht iasachtaí an HFA mar aon le hiasachtaí don Státchiste tar eis an NTMA a chumasú le hiaschtaí a fháil don HFA ag rátaí atá gar do iasachtaí don Státchiste, rud a shábhaileann airgead ar an HFA. Meastar na coigiltis seo bheith ag €1.3 milliún i 2003, i gcomparáid le costas an t-airgeadas ar fáil don HFA sular bunaíoch clár páipéar tráchtála an NTMA.

Tá na NTMA in ait mhaith le teacht ar fhoinsí airgid don HFA ó mhargadh níos leithne idirnáisiúnta mar go bhfuil gaolmhaireachtaí fada aige leis an bpobal infheistíochta domhanda agus tá an NTMA tar eis forbairt a dhéanamh ar a dtuiscint siúd ar riachtanais iasachta na hÉireann agus staid an ghéilleagair go ginearálta. Tá cintithe ag an NTMA go bhfuil aithne ag pobal na n-infheiseoirí domhanda le hainm an HFA agus a ghníomhaíocht maidir le tithíocht shóisialta.

Nótaí Státchiste

Is ionstraim iad Nótaí Státchiste atá solúbtha, do mhaoiniú gearrthéarmach agus a bhainistíonn leachtacht eisithe go díreach ón NTMA go réimse leathan infheisteoirí, lena n-áirítear infheisteoirí corporáideacha, bainc agus custaiméirí institiúide wilw. Soláthraítear na Nótaí Státchsite i euro agus tá siad ar fáil ar aibíocht lae go bliana, ag braith ar riachtanais an infheisteora, le íosmhéid de €250,000 mar infheistíocht. Tá siad liostáílte freisin ar Stoc Mhalartán na hÉireann agus eisítear iad ar bhonn lascaine ar aon dul leis an mhargadh páipéir tráchtála. Léirítear praghasanna ar Reuters agus leathanach NTMA Bloomberg. Is gnáthach go dtarlaíonn iasachtaí ar feadh tréimhsí seachtaine go trí mhí agus tháinig gníomhaíocht go €12.4 billiún i 2003.

Billí Tráchtearraí Idirghabhála Talmhaíochta (ACIBs)

Ionstraim fiacha gearrthéarmach atá i mBillí Tráchtearraí Idirghabhála Talmhaíocjta atá deartha le freastal ar riachtanais airgead thirim gearrthmearmach an Roinn Talmhaíochta agus Bia. Tagann siad ó íocaíóchtaí leanúnacha idirghabhála tugtha dífheirmeoirí agus daoine eile atá aisíoctha go dtí an Roinn ón gCoimisiún Eorpach ag tréimhsí rialta. Is gnáthach gur do thréimhsí míosa go sé mhí a déantar na hiasachtaí agus tháinig gníomhaíocht i mbliana chuig €3.2 billiún.

Nótaí Ilairgeadra Mhír 69

Tugadh isteach nótaí eisithe faoi Mhír 69 den Acht Airgeadais 1985 le cuideachtaí faoi úinéireacht eachtrannaigh Ionnaithe in Éirinn a bhfarasbarr maoinithe a infheistiú anseo. Is féidir le cuideachtaí atá i dteideal é a dhéanamh infheistíocht díreach a dhéanamh leis an NTMA in aon airgeadra mór. Is féidir leo

an tréimhse infheistíochta a roghnú (uasmhéid bliain amháin) agus méid na hinfheistíochta (íosmhéid infheistíochta €100,000 nó a hionann). Ní thagann an ús a íoctar ar an infheistíocht faoi réir aon cháin in Éirinn. Tháinig an gníomhaíocht faoin gclár seo go €31.8 billiún i 2003.

Bainistíocht Bhanc Ceannais na hEorpa ar Leachtacht

Feidhmíonn Banc Ceannais na hEorpa (ECB) córas bainistíochta leachtachta a bhraitheann ar bhealach amháin nó ar bhealach eile ar tuar cuí ar leibhéal meáite an rialtais sna lárbhainc eorpacha i réimse an euro. Maidir le hÉireann, gach lá déantar tuairisciú ar leibhéal meaite do gach lá chuig an ECB ag an mBanc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, sé lá gnó chun cinn. Measann an Rialtas na hiarmhéideanna,bunaithe ar chaiteachas an Rialtas, cáin bailithe agna Coimisinéirí Ioncam agus feidhmiú bainistíochta fiacha an NTMA. Ag deireadh gach lá oibre áiríonn an NTMA na hidirbeartanna seo agus an déantar an éifeacht ar leachtacht a mheas dífhonn a chinntiú go bhfuil meá an rialtais coimeádtha ag leibhéal tuartha an ECB ón mBanc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais sé lá gnó chun tosaigh. Tá éifeacht ag caiteachas Rialtais, cain bailithe ag na Coimisinéirí Ioncam agus feidhmiúcháin bainistíochta fiachais an NTMA agus áirítear an éifeacht ar leachtacht dífhonn a chinntiú go bhfuil meá an rialtais coimeádtha ag na leibhéil a bhí tuartha agus tugtha don ECB ón mBanc Ceannais agus Údarás Seirbhísís Airgeadais na hÉireann. Ardaíonn an NTMA maoin ní cuireann sé taiscí sa mhargadh idirnáisiúnta airgeadais chun an mheá a choimeád ag leibhéal an tuar a bhí tugtha don ECB. Tháinig na feidhmiúcháun seo chuig €169 billiún i 2003 le meán idirbheart de €425 milliún.

Socruithe Taisce

Tá córas cumsitheach ag an NTMA le monatóireacht a dhéanamh ar a riosca creidmheasa le hinstitiúidí eile airgeadais. Bhain sé seo le measúnú ar neart arigeadais breis agus 100 banc agus comhlachtaí eile le measúnú a dhéanamh ar an méid maoine atá an NTNA sásta a chur le gach ceann idir gearrthréimhsí agus fadthréimhsí. Tá athmheasúnú á dhéanamh ar na srianta creidmheasa frithpháirtí seo ar bhonn leanúnach agus déantar monatóireacht ar nochtadh an NTMA ar bhonn laethúil. Tarlaíonn sé seo toisc go gcaithfidh an NTMA leachtacht bheith ar fáil sna margaí idirnáisiúnta le cinntiú go bhfuil na cistí cosanta go maith. Imíonn an méid airgid ar thaisce ó €1 billiún go €2 billiún gach lá.

Idirbheartaíochtaí ar mhaithe leis an gCoimisiún Náisiúnta an Cúlchsite Pinsin

Bainistíonn an NTMA punainn bannaí neamhghníomhacha i mbannaí státchiste an euro, le luach ag €1 billiún ag deireadh 2003, atá tárisithe i gcoinne Innéacs Merrill Lynch cúig mbliana agus móide. Tá an NTMA freagrach freisin as idirbheartaíochtaí malartaithe eachtrannaigh le teacht timpeall ar 50 faoin gcéad díeilimint neamh-euro an Chúlchiste Náisiúnta Pinsin. Coimeádtar an €2 billiún seo ar bhonn ráthúil. Baineann bainistiú an méid seo maidir leis an NTMA ná idirbheartaíochtaí malartaithe eachtrannaigh a thabhairt i gcrích ar aon dul le Ráiteas an Choimisiúmn ar Infheistíocht, Aidhmeanna agus Bancanna (SIOR). IArannan SIOR go ndéanfaí trádáil ar idirbheartaíochtaí má théann luach an tor taobh amuigh de móide nó lúide 1.5 faoin gcéad den sprioc 50 faoin gcéad. Ba é €13.5 billiún luach na hidirbheartaíochtaí malartaithe eachtrannaigh don NPRF i 2003. Sa bhreis ar sin tá an NTMA freagrach as bainistiú a dhéanamh ar airgead thirim an Chiste, ag €1.2 milliún faoi láthair, ag fanacht ar infhistíocht ón gCoimisiún.

COIGILTIS NÁISIÚNTA

Ag deireadh 2003, rinne na Scéimeanna Coigiltis Náisiúnta suas 14 faoin gcéad den bhFiachas Náisiúnta. An méid a bhí seasta amach ná €7,463 milliún lena n-áirítear ús fabhraithe. Bhí €280 milliún in admhálacha, a bhí déamta suas de €163 milliún i mBannaí Coigiltis, €149 milliún i gCiste Bhainc Taisce an Phoist (€85 milliún i gCuntais Speisialta Dreasachta Coigiltis) agus €79 milliún i mBannaí Duaise. Bhí eis-shruth €111 milliún i dTeastais Coigiltis agus Coigiltis Gála Náisiúnta.

Tá na Scéimeanna, seachas na Bannaí Duaise, á fheidhmiú ag An Post thar ceann an NTMA. Feidhmíonn an Chuideachta Bannaí Duaise Teoranta, comhcheangal idir An Post agus Cuideachta Malartaithe Eachtrannaigh na hÉireann (FEXCO).

Tá sonraí den iomlán atá seasta amach ag deireadh 2003 agus na glam mhéideanna arduithe nó aisíoctha i 2003 i gach ceann de na Scéimeanna Náisiúnta Coigiltis mar seo leanas:

Scéimeanna coigiltis	Méid seasta amach ag deireadh 2003 € milliún	Airgead arduithe/ aisíoctha i 2003 (glan) € milliún
Teastais Coigiltis	2,262	-89
Bannaí Coigiltis	1,207	163
Coigiltis Gála Náisiúnta	405	-22
Bannaí Duaise	454	79
Stampaí Coigiltis	2	0
Ciste Bhainc Taisce an Phoist (POSB)	1,125	149
Prionsabal Iomlán Seasta Amach	5,455[1]	280
Ús Fabhraithe	2,008	-200
Iomlán	**7,463**	**80**

Tógann na figúirí thuas ceann de ghlan aistriú maoine ó na Scéimeanna chuig Ciste na gCuntas Díomhaoin le linn 2003 a tháinig go €25 milliún maidir le Banc Taisce an Phoist agus beagnach €7 milliún carntha maidir le Teastais Coigiltis, Bannaí Coigiltis agus Coigilteas Gála Náisiúnta.

1 *Ní áiríonn an fhigiúir seo sa bhFiachas Náisiúnta.*

I gcoinne an ús fabhraite de €2,008 milliún ar na Scéimeanna Coigiltis, tá iomlán de €1,069 milliún sa Chúlciste Mionthaiscí Airgid. Tá sé seo ionadaíoch ar 53faoin gcéad den ús fabhruite ata seasta amach.

Déanamh suas Scéimeanna Coigiltis Náisiúnta ag deireadh 2003



FOINSE: NTMA

COSTAIS RIARACHÁIN

Tá na táillí iomlána riaracháin íoctha chuig An Post agus an Cuideachta Bannaí Duaise maidir leis na Scéimeanna Náisiúnta Coigiltis ag €41.5 milliún mar a sonraítear thíos.

Scéimeanna Coigiltis	€m
Teastais Coigiltis	3.9
Bannaí Coigiltis	2.1
Coigiltis Gála	2.6
Bannaí Duaise[1]	6.4
Stampaí Coigiltis	1.0
Banc Taisce an Phoist[2]	25.5
Iomlán:	**41.5**

1 *Íocadh na táillí seo chuig an Cuideachta Bannaí Duaise. Íocadh na táillí eile díreach chuig An Post.*

2 *Íoctar ó Chiste an POSB táillí bainteach le Banc Taisce an Phoist.*

TEACHT AR AIS AR INFHEISTÍOCHT

Is iad seo leanas na rátaí aisgabhála, atá glan ar cháin Éireannaigh:

Teastais Coigiltis: 16 faoin gcéad thar tréimhse 5½ bliana, ionann is aisgabháil bliantúil de 2.74 faoin gcéad má coimeádtar chun aibíochta é. Is é €50 íosmhéid na hinfheistíochta le uasmhéid de €80,000 do dhuine aonair agus €160,000 díúineireacht beirte.

Bannaí Coigiltis: 8 faoin gcéad thar 3 bliana, ionann is aisgabháil bliantúil de 2.6 faoin gcéad má coimeádtear chun aibíochta é. Is é €100 an íosmhéid infheistíochta le uasmhéid de €80,000 do dhuine aonair agus €160,000 díúinéireacht níos mó ná sin.

Coigiltis Gála: 15 faoin gcéad thar tréimhse cúig mbliana, ionann is aisghabháil bliantúil de 2.57 faoin gcéad. Íosmhéid infheistíochta míosúil ná €25 agus uasmhéid míosúil de €500.

BANC TAICE AN PHOIST

Dífhás bunús taisce an POSB €152 milliún go €1,125 milliún faoi dheireadh 2003. Tháinig breis agus a leath den fhás seo ó na Cuntais Speisislta Dreasachta Coigiltis (SSIAanna) le méid iomlán seasta amach ag deireadh 2003 ná €165 milliún.

Tá dhá earra de chuid an SSIA, ceann ag ráta seasta agus ceann ag ráta athruitheach. Déanann an t-earra ráta seasta breis agus trí ceathrú de iomlán infheistíochtaí an SSIA. Díofráil an dá earra tús ráta úis de 4 faoin gcéad sa bhliain. Gearradh an ráta úis athraitheach dhá bhabhta le linn 2003, ar aon dul le ciorraithe rátaí úis i ngach institiúid airgeadais mar seo leanas:

	Ráta sa bhliain
• Le héifeacht ó 1 Márta 2003	2.75%
• Le héifeacht ó 21 Iúil 2003	2.00%

Iompraíonn an cuntas ráta athraitheach geallúint nach dtitfidh sé níos mó ná pointe céatadán amháin faoi bhun príomh ráta athmhaoinithe Bhanc Ceannais na hEorpa.

Tá rátaí eagsúla ag cuntais eile POSB mar seo leanas:

	Go 20 Iúil 2003	Ó 21 Iúil 2003
Cuntas Éilimh	Ráta sa bhliain	Ráta sa bhliain
• Faoi €6,000	0.25%	0.10%
• €6,000 agus os a chionn	0.50%	0.25%
Cuntas Éilimh Móide	Ráta sa bhliain	Ráta sa bhliain
• Faoi €30,000	2.0%	1.0%
• €30,000 - €49,999	2.0%	1.5%
• €50,000 agus os a chionn	2.5%	1.5%

BANNAÍ DUAISE

Tháinig díolacháin glan ar Bhannaí Duaise i 2003 go €79 milliún, méadú breis agus 80 faoin gcéad ar 2002. Léiríonn sé seo ráta íslea úis atá tar eis na Bannaí Duaise a dhéanamh níos mealltaí. An méid iomlán a bhí seasta amach ag deireadh 2003 ná €454 milliún. Le linn na bliana, bronnadh breis agus 105,000 duaise saor ó cháin le luach €10.8 milliún. Ba é 2.75 faoin gcéad an ráta úis a úsáideadh i 2003 le meastachána a dhéanamh ar an gciste duaise. Laghdaíodh é seo go 2.4 faoin gcéad ó Eanáir 2004.

Is féidir Bannaí Duaise a cheannach ar líne ag suíomh líonra an Chuideachta Bannaí Duaise ag www.prizebonds.ie.

RÁTAÍ CREIDMHEASA

Deineadh athchinntiú ar rátaí creidmheasa arda fadtéarmach agus gearrthéarmach don cheithre ghníomhaireacht creidmheasa is mó le linn na bliana.

RÁTÁÍ FADTÉARMACH CREIDMHEASA

Moody's:	Aaa
Standard & Poor's:	AAA
Fitch Ratings:	AAA
Rating & Investment Information Inc.:	AAA

RÁTÁÍ GEARRTHÉARMACH CREIDMHEASA

Moody's:	P-1
Standard & Poor's:	A-1+
Fitch Ratings:	F1+
Rating & Investment Information Inc.:	a-1+

Leanann na gníomhaireachtaí rátáil creidmheasa bheith an- fhábharach maidir le seasamh creidmheasa na hÉireann. Leagann siad béim ar ghéilleagar solúbtha agus ilchineálach atá tar eis cuid mhaith infheistíoch eachtrannaigh a mhealladh le blianta beaga anuas agus an ráta fáis is airde san AE í 1995. Cuireann siad béim freisin ar rath na hÉireann ó 1999 a fhiacha a ísliú 16 pointe céatadáin go 33 faoin gcéad den OTI i 2003. Seo an laghdú is mó fiacha bainte amach ag aon thír euro thar an tréimhse sin, ag tógaint san áireamh go bhfuil an dara brú fiacha is ísle ag Éireann san AE. Meastar gur rud maith atá i mbunú an Cúlchiste Náisiúnta Pinsin maidir le ráta creidmheasa na hÉireann. Dá thoradh agus prófíl fabharach daonra na tíre, is lú a bhraithfidh an tír éifeacht airgeadais daoinra atá ag dul san aois i bhfad níos déanaí in Éirinn ná i dtíortha eile.

ULYSSES SECURITISATION P.L.C.

Bunaíodh Ulysses Securitisation p.l.c. i 1995 chun sábháilteacht a chur ar fáil díiocaíochtaí morgáiste na nÚdarás Áitiúla agus is iad an NTMA a dhéanann bainistiú ar faoi Aontú Seirbhísí Corporáideacha.

Cuireadh sábháilteacht ar fáil díiocaíochtaí morgáiste de €240 milliún i 1995 agus 1996 tré eisiúint bhannaí.

Bhí sochar glan de €19.5 milliún i 2003 (2002: €17.3 milliún). Seasann taiscí carnaithe an chuideachta ag gar de €90 milliún agus coimeádtear iad díúinéireacht an Státchiste. Tugtar iasacht ar aghaidh díaon airgead titim breise faoi Aontú Infheistíochta go dtí go mbeidh orthu na bannaí a aisíoc i 2006.

CÚLCHISTE NÁISIÚNTA NA BPINSIN

Bunaíodh an Cúlchiste Náisiúnta Pinsin in Aibreán 2001 faoi Acht Cúlchiste Pinsin Náisiúnta 2000. An aidhm atá aige ná coimeád chomh mór agus is féidir le costais pinsin leasa shóisialaigh agus seirbíse poinlí ó 2025 ar aghaidh nuair atáthar ag tuar go méadóigh na costais seo go drámatúil de bharr aois an daonra. Ag deireadh 2003 sheas an ciste ag €9,561 milliún agus bhí scaranna aci i 1,286 cuideachta thar 23 margadh.

Tá an Chiste ionadaíoch ar bhogadh ó bheith ag brath go hiomlán ar íoc-de-réir-mar-a-théann-tú go córas cuid réamh íoctha pinsin poiblí. Baineann sé le reachtaíocht ag leagan i leataoibh agus infheidtíocht a dhéanamh ar aon faoin gcéad den OTN gan bliain le cuid de chostas na bpinsin sa todhchaía chur le chéile. Ní féidir aon airgead a bhaint as an gCiste roimh 2025. Ina dhiaidh sin tógfar airgead as go dtí ar a laghad 1055 de réir rialacha le bheith leagtha síos ag an tAire Airgeadais. Tógfaidh sé seo cuntas den mhéadú atá á thuar i líon na ndaoine os cionn 65 sa daonra agus cabhróidh sé le iomarca éagsúlachtaí ó bhliain go bliain i gcostas pinsin go dtí an Státchiste. Sa bhealach seo, éascóidh an Chiste ualach an Státchiste ag eascairt as tiomantais bhreise pinsin na hÉireann thar tréimhse tríocha bliain tar eis 2025.

Is iad an Coimisiún um Cúlchiste Pinsin Náisiúnta a rialaíonn an Chiste, comhlacht corpoiráideach déanta suas de seachtar ball ainmnithe ag an tAire Airgeadaism agus ag tógaint san áireamh ex officio, Príomhfheidhmeannach an NTMA. Tá an Coimisiún neamhspleách ar an Rialtas i bhfeidhmiú. Faoin reachtaíocht is é an NTMA Bainisteoir an Chiste agus tá gá leis an Coimisiún lena freagrachtaí a chomhlíonadh tríd an Bhainisteoir seo.

Tá dlite ar an gCoimisiún Tuairisc Bhliantúil agus Cuntais Bhliantúil a chur isteach chuig an tAire Airgeadais don Chiste. Foilsítear é seo leis féin.

GNÍOMHAÍOCHT AGUS DÁILEADH SÓCHMHAINNÍ

Thoil an Chiste teacht ar ais de 12.8 faoin gcéad i 2003. Ba iad cothramais an príomh thiomanaí agus margaí ag déanamh go láidir i ndiaidh margadh 2000 go 2002.

Feidhmiú NPRF de réir Rangú Sóchmhainní i 2003



FOINSE: NTMA

Ba é €9,561 milliún luach margaidh an Chiste ar an 31 Nollaig 2003, i gcomparáid le €7,426 milliún ag 31 Nollaig 2002. Seacgas an €1,103 milliún a tháinig mar ranníocaíocht ón Státchiste, bhí luachmhéadú de €1,032 milliún i luach an Chiste le linn na bliana. Bhí a sóchmhainní ionann le 8.8 faoin gcéad den OTN.

Sóchmhainní Glan an Chiste ag 1 Eanáir 2003	€7,426m.
1% de Ranníocaíocht OTN	€1,103m.
Aisghabháil Glan Infheistíochta	€1,032m.
Sóchmhainní Glan an Chiste ag 31 Nollaig 2003	€9,561m.

I mí an Mheitheamh 2001 ghlac an Coimisiún le leithdháileadh fadtéarmach straitéiseach sóchmhainní de 80 faoin gcéad cothramais agus sócmhainní réadúla eile agus 20 faoin gcéad bannaí. Ar chomhairle an NTMA, tá an Coimisiún tareis cur chuige meánach nó céimeach a ghlacadh maidir le hinfheistíocht sna margaí caipitil rud a laghdaíonn riosca inmhargaidh an chiste trén é a scaipeadh thar tréimhse ama. Dá thoradh choimeád an Ciste i bhfad níos lú i gcothramais ná rinne a tháirseach straitéiseach fadtéarmach ag deireadh 2002. Agus margaí ag teacht chuchu féing tareis ísle na Márta 2003, mhéadaigh luas infheistíochta le €1,911 milliún á chur isteach i margaidh airgeadais domhanda le linn 2003. De thoradh an cur chuige meánach seo tá an Ciste ag déanamh níos fearr ná an táirseach straitéiseach fadtéarmach ag 9.6 faoin gcéad ó bunaíodh é in Aibreán 2001 go deireadh na Nollag 2003. Tá leithdháileadh comparáideach sóchmhainní an Chiste ag deireadh 2002 , deireadh 2003 agus an táirseach leagtha amach thíos.

SEALÚCHAIS CÉATADÁN NPRF



FOINSE: NTMA * GLANSÓCMHAINNÍ REATHA SAN ÁIREAMH

PRÍOMH GHNÍOMHAÍOCHTAÍ AN NTMA

Is iad príomh ghníomhaíochtaí an NTMA ina fheidhmiúchán mar Bhainisteoir ar an NPRF ná:

Soláthar comhairle polasaí don Choimisiún: Áiríonn sé seo soláthar comhairle polasaí ar cheisteanna straitéiseacha cosúil le dáileadh sóchmhainní agus rangú breise sóchmhainní (m.sh. cothramais beaga, bannaí corporáideacha, maoin, páirtnéireachtaí poiblí-príomháideacha agus cothramas príomháideach) agus réiteach pleananna gnó ábhartha.

Roghnú agus Athbhreithniú ar Bhainisteoirí Infheistíochta: Déanann an NTMA monatóireacht agus athbhreithniú ar bhainisteoirí infheistíochta an Chiste ar mhaithe leis an gCoimisiún agus ritheann siad comórtais faoi rialacha an AE do roghnú bainisteoirí nua. Tionóltar cruinnithe athbhreithnithe foirmeálta le gach bainisteoir gach sé mhí, agus i ndiaidh na gcruinnithe seo, déanann an NTMA tuairisc chuig an gCoimisiún. Cuireadh deireadh le conradh bainisteoir amháin ag an gCoimisiún i 2003.

Straitéis Dul Isteach ar an Mhargadh: Bainistíonn an NTMA meánú an Choimisiún i straitéis infheistíochta, lena n-áirítear infheistíocht airgead thirim sna margaí ar mhaithe leis an gCoimisiún.

Monatóireacht ar Rialaithe an Chiste: Tá gnásanna sonracha forbartha ag an NTMA agus córais faisnéise faighte le bainistiú a dhéanamh ar an riosca ar an gCiste. Áiríonn na gnásanna seo monatóireacht ar ghéilliúlacht na bainisteoirí infheistíochta le forálacha a gcuid conarthaí, feidhmiú na mbainisteoirí infheistíochta agus cur chuige éifeachtúil ar thrádáil. Sa bhreis ar sin tá aonad speisialta ag an NTMA atá tiomanta do súil a choimeád ar an gCoimeádaí Domhanda.

Bainistíocht Punainn: I furmhór cásanna tá bainistíocht laethúil an Chiste á riaradh ag institiúidí idirnáisiúnta bainistíocht infheistíochta i ndiaidh roinnt comórtais tairiscinte AE. Déantar roinnt imeachtaí infheistíochta a riaradh go hinmheánach ag an gCiste. Tá an sainordú bannaí éighníomhacha (€1billiún), bainistíocht airgead thirim an Chiste (€1.2 billiún) agus clár lárnaithe airgeadra de €2 billiún (le dul i gcoinne 50 faoin gcéad de nochtadh airgeadra eachtrannaigh an Chiste ar aon dul le straitéis fadtéarmach infheistíochta an Chiste).



GNÍOMHAIREACHT NÁISIÚNTA FORBARTHA AIRGEADAIS

Bunaíodh an Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (NDFA) agus díainmnigh an tAire Airgeadais an Bord le héifeacht ón 1 Eanáir 2003.

Ba chuid de Chlár an Rialtais a bhí i mbunú an NDFA a foilsíodh i mí Meitheamh 2002. An tuairimíocht a bhí taaobh thiar dá bhunaithe ná a chinntiú go n-úsáidfaí gach foinse airgid chun mór shochair tionscadail bonneagar; go mbeadh, laistigh den earnáil Stát, lárionad le haghaidh saineolais airgeadais; agus le comhairle airgeadais a sholáthar díÚdaráis Stáit a bheadh ag tabhairt faoi páirtnéireachtaí poiblí príomháideacha agus tionscadail mór bonneagrach eile. Is iad an NTMA a chomhlíonn a fheidhmeanna.

Is iad seo leanas na feidhmeanna:

- Comhairle a chur ar Údaráis Stáit ar an bhealach is fearr le airgeadú a dhéanamh ar thionscadail infheistíochta poiblí dífhonn luach ar airgead a ghnóthú;

- Airgead a thabhairt roimh ré lena n-áirítear iasachtaí le híoc ar ais agus cothramas, le geallúintí a sholáthar agus le tabhairt faoi socrúcháin airgeadais eile maidir le tionscadail ceadaithe ag aon Údarás Stait;

- Comhairle a sholáthar díaon Údarás Stáit maidir le gach gné de mhaoiniú, athmhaoiniú agus árachais ar thionscadail infheistíochta poiblí a fheidhmeofaí trí bhealach páirtnéireachtaí poiblí príomhaideacha (PPPanna) nó laistigh den earnáil poiblí; agus

- Le cuideachtaí speisialta a bhunú ar mhaithe le maoiniú a dhéanamh ar thionscadail.

Shonraigh Acht um Ghníomhaireacht bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 2002 na hÚdaráis Stáit atá le comhairle an NDFA a lorg. Glaotar Údaráis Stáit ar ranna rialtais, údaráis áitiúla, agus na gníomhaireachtaí móra stát a thugann faoi thionscadail bonneagair. Is é seo leanas liosta ioml an de na hÚdaráis Stát:

ÚDARÁIS STÁIT

- Aire Rialtais
- Údarás áitiúil
- Coimisinéirí Oibreacha Poiblí in Éirinn.
- An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta.
- An Ghníomhaireacht Iarnród.
- Córas Iompair Éireann agus fothchuideachtaí.
- Bord Sláinte bunaithe faoin Acht Sláinte, 1970.
- Údarás Réigiúnach Sláinte an Oirthear.
- Ollscoil le míniú Acht na nOllscoileanna, 1977 seachas Coláiste na Tríonóide agus Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath.
- Institiúid Theicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.
- Coláiste laistigh de mhíniú mír 2 den Acht um Coláistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992.
- Coiste gairmoideachais laistigh de mhíniú mhír 7 den Acht Gairmoideachais, 1930.
- Seirbhísí Cúirte.
- Údarás cuain faoi chiall Acht na gCuanta 1946 go 1976.

Tá an cumhacht ag an NDFA maoiniú a bhailiú é fhéinig nó tré choistí bunaithe díaon ghnó le suas le €5 billiún le airgeadú a dhéanamh ar thionscadail bonneagair. Is féidir leis an tAire Airgeadais airgead a thabhairt roimh ré, suas go €250 milliún, chuig an NDFA nó cuideachta le feidhm speisialta bunaithe aige féin. Is féidir leis an NDFA an t-airgead seo a úsáid le infheistíocht cothramais a dhéanamh i gcuideachta le feidhm speisialta.

Soláthraíonn an reachtaíocht go bhfuil dlite ar Údaráis Stáit comhairle an NDFA a lorg. É sin ráite, tá an chinneadh deireannach maidir le struchtúr agus airgeadú tionscadail i lámha an tAire cuí, nó áit cur glacadh leis faoi thoscaireacht, an oifigeach cuntasaíochta cuí nó a chothram siúd. Faoi Threoirlínte Aireachta reatha, caithfidh Údaráis Stáit gach tionscadail infheistíochta caipitiúil a chosnaíonn níos móná €20 milliún a chur faoi bhráid an NDFA le haghaidh comhairle airgeadais.

I mí na Nollag 2003, díairigh an tAire Airgeadais clúdaigh litreach 5 mbliana sa bhuiséad ag sonrú pé méid a chaithfeadh an Stát ar chláracha bonneagair sa tréimhse 2004 go 2008 ag gar de 5 faoin gcéad den OTN. Tá spriocanna sainiúla leagtha síos le haghaidh tionscadail a bheidh maoinithe trí pháirtnéireachtaí príomháideacha poiblí nó ag an NDFA a thiocfaidh chuig €3.6 billiún ina iomláine faoi 2008.

Le linn 2003 sholáthar an NDFA comhairle airgeadais ar sé thionscadal bonneagair le luach carntha breis agus €700 milliún agus díeagraigh siad EIB agus áiseanna eile iasachta de suas le €250 milliún.

Leanann obair ar thionscadail bonneagair atá curtha faoi bhráid an NDFA ag Údaráis Stáit éagsúla. Is iad seo leanas roinnt de na samplaí de na tionscadail:

An tÚdaras um Bóithre Náisiúnta (NRA)

- M50 uasghrádú bealach mótair
- M1 Seachbhóthar Thiar Dhún Dealgan
- Seachbhóthar Mainistir Fhear Maí

Gníomhaireacht Soláthair Iarnród (RPA)

- Luas
- Ticéadí Comhtháite

An Roinn Cumarsáide Mara agus Acmhainní Nádúrtha

- Gréasán Ceantair Uirbigh (MAN)
- Lár Digiteach

Oifig na nOibreacha Poiblí

- Dílarnú

Tá dlite ar an NDFA Tuairisc Bhliantúil agus Cuntais a chuid gníomhaíochtaí a chur isteach go dtí an tAire Airgeadais. Foilsítear é seo go neamhspleách.



CISTE ÁRACHAIS SÓISIALTA

Íoctar ranníocaíochtaí árachais sóisialta isteach sa Chiste Árachais Sóisialta, agus íoctar íocaíochtaí maidir le ábhair cosúil le dífhostaíocht agus liúntais míchumais, pinsin lucht scoir agus pinsin ranníocaíochta sean aois uaidh.

Thosnaigh an NTMA bainistíocht ar an bhfarasbarr carnaithe sa Chiste i mí Iúil 2001, le feidhmiú á mheas i gcoinne táirseach aontaithe leis an tAire Airgeadais. Ag deireadh 2002 bhí luacháil €1,095 milliún ar an gCiste. I rith 2003, aistríodh €150 milliún ón gCiste go dtí an Roinn Sóisialta agus Gnóthaí Teaghlaigh ag tabhairt iomlán sóchmhainní faoi bhainistíocht an Chiste go dtí €1,275 milliún ag deireadh na bliana.

Ba é 2.43 faoin gcéad an aisghabháil ar infheistíocht a bhain an Ciste amach i 2003 ag tógáil san áireamh treoirlínte infheistíochta eisithe ag an tAire Airgeadais.



LÁR SHEIRBHÍS STÁTCHISTE

Tá Lár Sheirbhís Státchiste (CTS) á thairiscint ag an NTMA go roinnt comhlachtaí san earnáil poiblí - údaráis áitiúla, boird sláinte, agus coistí gairmoideachais. Leanann an coincheap dea chlechtais san earnáil phríomháideach áit a charnann cuideachtaí gaolmhara a n-iasachtaí agus airgead thirim sa bhreis in aonad lárnach státchiste le costais a shábháil. Ofráileann an NTMA áiseanna taisce agus iasachta do na comhlachtaí seo ag rátaí iomaíocha, leis an aidhm le soláthar a dhéanamh ar bhealach eile lena socrúcháin reatha státchiste agus ag déanamh coigiltis don Státchiste féinig.

Le linn 2003 mhalartaigh iasachtaí faoi scéim CTS idir €98 milliún agus €152 milliún, agus neartaíodh an bunús taisce trí pháirtíocht níos mó ag na coistí gairmoideachais. Bhí 307 taisce déanta leis an CTS le linn na bliana - ardú 23 faoin gcéad ar 2002.

GNÍOMHAIREAHCT ÉILIMH STÁIT

Tá an NTMA ainmnithe mar an Ghníomhaireacht Éilimh Stáit (SCA) le feidhmiú ar bhainistiú éilimh agus feidhmeanna bainistíochta riosca dlite ar faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2000. Bunaíodh an SCA i mí na Nollag 2001. Is iad seo leanas a príodh feidhmeanna:

1. Seirbhís gairmiúil agus costas éifeachtach a sholáthar do bhainistíocht gortaithe pearsanta agus éilimh damáiste ar mhaoin i gcoinne an Stáit.

2. Seirbhís bainistíocht riosca a sholáthar leis an aidhm go laghdófaí ar imeachtaí cúirte sa todhchaí.

ÉILIMH FAOI BHAINISTÍOCHT

Clúdaíonn téarmaí an Ghníomhaireacht Éilimh Stáit, éilimh i gcoinne an Stát féinig, Airí agus an tArd-Aighne, Coimisinéir na nGardaí Síchána, gobhneoirí príosúin, scoileanna pobail agus cuimsitheacha agus comhlachtaí éagsúla eile. Déileáileann an SCA le réimse leathan éilimh ó cinn atá an- dian, lena n-áirítear bás, dóibh siúd a bhaineann le mion-ghortaithe. I mí Feabhra 2003, bhí bainistíocht éilimh cliniciúla curtha go foirmeálta ar an SCA.

SUÍOMH REATHA

Bainistíonn an SCA breis agus 2,000 éileamh le costas póitéinsiúil don Státchiste de thart faoi €100 milliún faoi láthair. As na héilimh seo is éilimh dliteanais fostóra 41 faoin gcéad, faillí cliniciúil líomhainte isea 27 faoin gcéad, éilimh dliteanais poiblí isea 25 faoin gcéad agus is mion damáiste ar mhaoin an chuid eile.

ÉILIMH (DE RÉIR LÍON) I GCOINNE ÚDARÁIS STÁIT:



ÉILIMH DE RÉIR CÚIS GORTAITHE:



Tá an SCA ag bainistiú breis agus 500 éileamh 'buartha ach go maith' maidir le nochtadh líomhainte díaispéist. Rinne an Stát athchomharc maidir leis na cásanna 'buartha ach go maith' chuig an Ard Chúirt i mí Deireadh Fomhar 2002. Mheas an Stát go raibh an Ard Chúirt mí cheart sa mheas go raibh gearánaithe i dteideal damáistí a aisghabháil maidir le breoiteacht siciatreach nár ghaibh le gortú fisiciúil. Ar an 21 Feabhra 2003, i gcinneadh díaon ghuth, choimeád an Chúirt Uachtarach athchomharc an Stáit i gcás Fletcher i gcoinne Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn. Dúirt an tArd Bhreitheamh ina ráiteas nár chóir don "dlí sa réimse seo bheith sínithe ag na Cúirteanna dífhonn go n-éileodh an ghearánaí damáistí maidir le gortú siceatreach de thoradh scanradh neamhréadúil galar a fháil de bharr nochtadh mífhreagrach maidir le rioscaí sláinte a gcuid fostóirí, áit a mheas a gcuid comhleoirí míochaine féin go raibh caol sheans ar an riosca".

Cé go bhfuil cinneadh déanta ag na Cúirteanna ar an mórcheist, tá ceist costais an Stát gan a bheith réitithe. I gcás tástala a tógadh le déanaí ag an SCA maidir le cás 'buartha ach go maith' dhiúltaigh an Ard Chúirt iarratas ar na costais seo. Tá athchomharc déanta ag an SCA ar an gcinneadh go dtí an Chúirt Uachtarach .

CATAGÓIR PRÍOMHDHA NA NÉILEAMH:



ÉILIMH NUA

Bhí líon na n-éileamh nua neamh-chliniciúla a fuair an SCA i 2003 thíos beagnach 40 faoin gcéad ar an líon a fuarathas i 2002. Tá an treocht fábharach seo leanta ar aghaidh isteach go 2004. Deir lucht árachais go bhfuil titim i líon na n-éilimh a fuarathas le blianta beaga anuas, cé go bhfuil sé ró luath a rá gur treocht lánaimseartha a bheadh anseo. Maidir le cásanna éilimh i gcoinne an Stáit tá roinnt fachtóirí breise le tógáil san áireamh:

- Bhí éifeacht ag breithiúnas na Cúirte Uachtaraí i gcás Fletcher agus cásanna gaolmhara eile i laghdú a dhéanamh ar líon na cásanna 'buartha ach go maith' maidir le ainpheist a cuireadh isteach os comhaire na cúirteanna.

- An seasamh atá ag an SCA ná go ndéanfaidh sé iarracht costais a fháil ar aid ó ghearánaithe nach n-éiríonn leo maidir le eilimh amhantracha mar seo.

- Fócas níos géire ar bhainistíocht riosca a tugadh isteach agus a fhorbair an SCA, mar aon le feasacht níos mó maidir le sláinte agus ceisteanna sábháilteachta go ginearálta i measc Údaráis Stáit.

Éilimh Réitithe

Deineadh dul chun cinn maith i ndiúscairt a dhéanamh ar éilimh i 2003. Bhí níos mó éilimh neamh-chliniciúla réitithe ná éilimh neamh-chliniciúla nua faighte. An suíomh ag deireadh mí an Mheithimh 2004 ná go bhfuil réiteach iomlán déanta ar 809 éileamh ag costas €9 milliún - cúiteamh de €6.5 milliún agus costais eile de €2.5 milliún. Is féidir an t-airgead seo a fháil ar ais ó údaráis éagsúla Stáit. Sa bhreis ar sin tá breis agus céad cás fós idir lámha ach ag fanacht le cinneadh deireannach maidir le costais. Tugann an tábla seo leanas briseadh síos ar éilimh réitithe de réir toradh:

ÉILIMH RÉITITHE



BAINISTÍAOCHT RIOSCA

Tugann an Ghníomhaireacht Éilimh Stáit comhairle do agus tugann siad cúnamh díÚdaráis Stáit maidir le bearta le dlíthíocht gortú pearsanta a chosc, le díríu sainiúil ar éilimh ar scála mór. Tá dlite ar na hÚdaráis tuairciú a dhéanamh chuig an SCA maidir le haon imeachtaí a dífhéadfadh, go póitéinsiúíl, go n-eascraíodh éilimh astu, agus ó buníodh í, tá fógraí maidir le breis agus 1,500 éileamh i gcoinne neamh chliniciúil faighte acu.

Tá luath-thuairisceoireacht ar imeachtaí criticiúil le héileamh a n-éironn leo agus bainistíocht riosca. Cumasaíonn sé an SCA le scrúdú luath agus sonrúil a dhéanamh ar na himeachtaí atá níos tromchúisí ionas gur féidir ceist an dliteanais a mheas roimh aon dlíthíocht. Cumasaíonn sonraí ar fhrithimeachtaí an SCA le aon phátrúin a aithint a threoreodh iad i dtreo aon laigeachtaí i ngnásanna sláinte agus sábháilteachta atá ann faoi láthair.

Tugann an SCA freisin faoi athbhreithnithe ar rioscaí a dhéanann iarracht rioscaí a aithint atá á rith ag gach údarás bunaithe ar a ghníomhaíochtaí agus na láithreacha ina mbíonn siad lonnaithe. I gcomhar le sonraíar éilimh agus frithghníomhaíochtaí, cumasaíonn athbhreithnithe ar rioscaí an SCA le easnaimh bainistíochta riosca a aithint agus beartaisa mholadh le dul i ngleic leo.

Tá na cinn seo leanas i measc na hathbhreithnithe riosca atá ar bun faoi láthair:

Aisphéist

Ta measúnú sonrúil déanta ag an SCA maidir le Clár Laghdaithe Aisphéist an Stáit agus tá siad ag obair go dlúth leis an OPW agus roinnt údaráis eile le dul i ngleic le ceisteanna a ardaíodh sa mheasúnú.

Timpistí Bóthair

Is cúis bhuartha líon na dtimpistí bnóthair a bhaineann le gluaisteáin Stáit. Mhol athbhreithniú riosca a rinne an SCA go méadófaí ar leibhéal oiliúna na dtiománaithe agus go mbeadh an oiliúint seo dírithe ar léiriú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le catagóir éagsúla tiománaithe.

Múscán Nimhiúil

Tá dlíthíocht ag eascairt as nochtadh do mhúscáin nimhiúla tarlaithe i Meiriceá. Tá roinnt bheag éilimh muscáin nimhiúla curtha isteach go dtí an SCA. Dífhonn bunús eolaíochta a bhunú do chosaint aon éilimh a bheadh cosúil leo a dífhéadfadh teacht chun cinn sa todhchaí, rinne an SCA coimisiúnú ar staidéar le gnáthúlacht a leithéid de mhúscáin a fháil amach i bhfoirgnimh Stáit. Bunaithe ar thorthaí an staidéir seo, ullmhófar treoirlínte go gairid díÚdaráis Stáit.

Radóin

Is gas raidghníomhach a tharlaíonn go nádúrtha atá ia radóin, agus má charnann sé i spásanna atá dúnta isteach, tugann sé dáileog raidghníomhach a chruthaíonn ailse na scámhóg sa deireadh. Tá freagracht reachtúil ar gach fostóir - lena n-áirítear Údaráis Stáit - measúnú a dhéanamh ar riosca agus céimeanna bunaidh a thóaint áit is gá. Tá an SCA, i gcomhar le hInstitiúid Cosanta Raidghníomhach na hÉireann (RPII), ag obair ar fheasacht a ghéarú i measc údaráis Stáit agus cinntiú go ndéanann siad socruithe le haghaidh tomhais ar leibhéil radóin sna láithreacha oibre ina mbíonn siad ag obair. Eagraíodh seimineár ar éirigh go maith leis maidir leis seo ag an SCA díÚdaráis Stáit i mí Eanáir 2004.

Scoileanna

Tá na SCA, i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ag tabhairt faoi athbhreithniú sonrúil maidir le caighdeáin sábhailteachta i seomraí teicniúla agus saotharlainne i scoileanna iar-bhunscoile. Bunaithe ar an t-athbhreithniú, eiseófar moltaí a bheidh dírithe i dtreo a chinntiú go bhfeidhmeoidh scoileanna caighdeán árd cleachtais sábháilteachta.

Seirbhís Comhairleoireachta

Sholáthar an SCA seirbhís neamhfhoirmiúil comhairleoireachta taobh amuigh dá ghnáth réimse do roinn Údaráis Stáit i 2003 ar éilimh éagsúla, riosca agus ceisteanna árachais, lena n-áirítear clúdach le haghaidh na Cluichí Oilimpeacha Speisialta.

SCÉIM SLÁNAÍOCHTA CLINICIÚIL

Bhunaigh an Rialtas an Scéim Slánaíochta Cliniciúil (CIS) i mí Iúil 2002. Faoin Scéim agus an coincheap gaolmhar de dliteanais fiontraíochta, glacann gach fiontar cúram sláinte (pé acu an ospidéal nó gníomhaireacht eile atá ann) dliteanas do ghníomhaíochtaí baill foirne atá bainteach le soláthar seirbhísí cliniciúla. Áit a déantar líomhaint faoi fhaillí, glacann an Stáit freagracht as slánú agus bainistíocht a leithéid díéilimh faillí chliniciúil. Tugadh an freagracht seo don SCA i mí Feabhra 2003 mar aon le feidhm gaolmhar eile de straiteis náisiúnta bainistíochta riosca a fhorbairt.

Scóip an Scéim Slánaíochta Cliniciúil

Le héifeacht ó mhí Feabhra 2004, tá síneadh ar scóip le clúdach a dhéanamh ar chleachtais phoiblí agus comhairleoirí ospidéal agus a gcleachtais príomhaideacha in ospidéil poiblí. Ní chlúdaíonn sé ospidéil príomháideacha seachas na cleachtais obsteitreacha/gínéiceolaíoch in Ospidéal Mount Carmel, Baile Átha Cliath agus Ospidéal an Bons Secours, Corcaigh.

Tá dliteanas fostóirí agus éilimh dliteanais phoiblí fiontair sláinte clúdaithe cheana féin faoi pholasaithe árachais le lucht árachais tráchtala.

Foireann Sceim Slánaíochta Cliniciúil

Díainmnigh an NTMA dochtúir míochaine mar Cheannasaí Scéim na Slánaíochta Chliniciúil atá bainteach le próiséas comhairliúchán a fhorbreoidh straitéis náisiúnta bainistíocht riosca cliniciúíl. Tabharfaidh foireann bainisteoirí riosca cliniciúla cúnamh do cheannasaí an CIS atá á earcú faoi láthair. Déanfaidh an fhoireann seo comhairle a chur ar agus cúnamh a thabhairt do ghníomhaireachtaí sláinte maidir le haon cheisteanna riosca a dífhéadfaí a thabhairt chun solais tré na héilimh agus taifid imeachtaí. Go sonrach, déanfar iniúchadh ar aon réimsí suntasacha riosca lena n-áirítear treochtaí nó bailiúcháin cleachais faoi bhun phar. Cinnteoidh an fhoireann go scaiptear na ceachtanna a foghlaimítear tríd an tseirbhís sláinte dífhonn is nach dtarlódh siad siad arís. Beidh béim ar chultúr feabhsúcháin leanúnaigh a chothú laistigh de na gníomhaireachtaí.

ÉILIMH FAILLÍ CLINICIÚIL

Ó bunaíodh an CIS, tá an SCA tar eis breis agus 600 éileamh a fháil le líomhaintí maidir le faillí cliniciúil. Léiríonn an tábla seo leanas briseadh síos ar na héilimh cliniciúla de réir cúis gortaithe:

ÉILIMH FAILLÍ CLINICIÚIL



CÓRAS CIS TUAIRISCEOIREACHT TEAGMHAIS

Tá córas teicneolaíocht an eolais á thabhairt isteach faoi láthair sa chóras sláinte Éireannaigh le taifeadha dhéanamh agus tuairisceoireacht a dhéanamh ar friththeagmhais, teacmhais gur beag gur tharla rud éigin agus éilimh. Tá an sonraí curtha i mbunachar eolais lárnach náisiúnta sa NTMA. Is féidir le hospidéil, boird sláinte agus fiontair eile cúram sláinte rochtain a fháil ar trúd an idirlíon. Tá Éireann ar cheann de na chéad tíortha san Eoraip le córas tuairisceoireachta teagmhais cliniciúil idirlíon a thabhairt isteach. Tá an córas ar cheann de na céad chinn le fáil isteach i nGréasán Príomháideach an Rialtais (VPN) a chuireann ar chumas áisíneachtaí slainte rochtain a fháil ar an gcóras níos tapúla agus ar bhonn le níos mó slandáil ná an idirlíon poiblí.

Le haon córas bunaithe ar an ghréasán, tá rí-thabhacht le slándáil. Tá sé seo an- chriticiúíl ag tógáil nádúr rúndachta agus leochaileacht na sonraí atá á chur isteach sa bhunachar sonraí. Tá an córas slándála, atá déanta suas de ilmhéid fallaí tine agus úsáid teastais dhigiteacha le bearta frith víorais agus bearta braite, curtha le chéile go dtí na caighdeáin is airde idirnáisiúnta agus á iniúchadh ag príomh chuideachta iniúchda agus cuntasaíochta.

ÉILIMH EISIATA

Ní ghlacann an Ghníomhaireacht Éilimh Stáit faoi láthair leis an rangú seo leanas éilimh:

- Cúiteamh faoin Acht (Cúitimh) na nGardaí Síochána.
- Ionsaí líomhainte ag ball de na GardaíSíochána nó ó oifigeach príosúin.
- Gortú pearsanta feidhmithe go coiriúil ar oifigigh príosúin.
- Cailteanas éisteachta.
- Éilimh a fhorbaraíonn ina gceisteanna Bunreachtúla.
- Éilimh ag eascairt as imfhabhtú le Heipitíteas C trí riaradh fola nó earraí fola.
- Éilimh mí-úsáid leanaí i gcoinne an Stáit.
- Áit a phléadáiltear tortanna seachas faillí.

Tá an rangú thus éilimh as an áireamh toisc go bhfuil socrúcháin eile cúitimh i bhfearas nó go ndardaíonn siad ceisteanna polasaí dlithiúil a mbeadh gá le baint leanúnach an Ard-Aighne.

COISTE POLASAÍ

Soláthraíonn an tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta na Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2000 do bhunú Coiste Polasaí le comhairle a chur ar an SCA maidir le polasaí agus gnásanna maidir lena mbainistíocht ar éilimh agus feidhmeanna bainistíochta riosca. Is iad seo leanas baill an choiste chruinnigh cheithre huaire le linn 2003:

Noel Whelan (Cathaoirleach) - Leas Uachtarán Seachtrach, Ollscoil Luimnigh.

John F Dunne - Bainisteoir Stiúrtha, J F Dunne Insurances.

Michael Grace - Bainisteoir Cúnta, AIB Investment Managers.

Ann Marie Hayes - Cuntasóir Airgeadais.

Margaret Lane - Bainisteoir Éilimh agus Árachais, Bord Gáis.

Frank Martin - iar bhreitheamh sa Chuairt Chuarda.

Ann Nolan - Oifigeach Sinsearach, An Roinn Airgeadais.

CUNTASI DÍOMHAOIN

Sholáthar an tAcht um Chuntais Díomhaoin 2001 go n-aisíocfaí iarmhéideanna na gcuntas díohmaoin i roinnt institiúidí airgeadais ar ais go dtí an Stát agus go núsáidfaí iad ar bhonn cathranachta nó ar mhaithe le leas an sochaí nó an pobal. Is é 15 bliana an tréimhse le cuntas díomhaoin a ghlaoch ón idirbheart deireannach a rinne úinéir an chuntais. Gan a rá go bhféadfaí cuntais a dhearbhú mar cuntais díomhaoin, tá ceart ag coimeádaithe na gcuntas a gcuid airgid a fháil ar ais ag aon am ó na hinstitiúidí airgeadais.

Aistrítear na hiarmhéideanna díomhaoin gan a bheith níos déanaí ná 30 Aibreán gach bliain. Tharla an chéad aistriú dá leithéid i mí Aibreán 2003 nuair a aistríodh iomlán de €196 milliún go dtí Ciste na gCuntas Díomhaoin ó institiúidí airgeadais. Tharla aisgabháil suas le €24 milliún le linn 2003 maidir le cuntais díomhaoin a athghníomhaíoch. Ag tógáil ceann den ús carntha ag an gCiste agus ús íoctha ar aisghábhálacha, bhí iarmhéid an Chiste ag deireadh 2003 ag €175 milliún. I mí Aibreán 2004 aistríodh €33 milliún breise ó chuntais bainc díomhaoin go dtí an Ciste.

Faoin Acht um Polasaithe Neamhéilithe Árachais Saoil 2003, aistríodh €23 milliún, sin ionadaíoch ar luach glan roinnt polasaithe árachais saoil, isteach sa chiste i mí Aibreán 2004.

Tá slite ar an NTMA cinneadh a dhéanamh ar an méid a íoctar isteach i gCúlchiste an Chiste le aisíocaíochtaí agus costais a choimeád suas. Tá an taisce seo leagtha síos ag 15 faoin gcéad de méid iomlán an Chiste le ceadú an tAire Pobail, Tuaithe agus Gnóthaí Gaeltachta, le toiliú an tAire Airgeadais.

Déantar íocaíochtaí amach ón gCiste Cuntais Díomhaoin ar stiúrú Bhord Íocaíochtaí Amach an Chiste Cuntais Díomhaoin. Níor deineadh aon íocaíochtaí amach i 2003. Ag fanacht le íocaíocht amach, déanfar infheistíocht ar airgead ón gCiste ag an NTMA, de réir plean infheistíochta an Chiste.



URRÚIS CLÚDAITHE AG SÓCHMHAINNÍ

Soláthraíonn an tAcht um Urrúis Clúdaithe ag Sóchmhainní 2001 sa chás nach n-éiríonn le eisiúnaí urrúis íoc amach faoin Acht, caithfidh an NTMA san ord seo leanas:

- Soláthróir seirbhísí eile a fháil le bainistíocht a dhéanamh ar na sruthanna ábhartha sóchmhainní; nó
- Obligáideoir eile a fháil do na sruthanna ábhartha; nó
- Bainistíocht a dhéanamh orthu é féin.

Soláthraíonn an tAcht sa bhreis go ma chóir go mbeadh tosaíocht ag an NTMA maidir le costais gearrtha i gcomhlíonadh a cuid feidhmeanna agus geobhfaidh siad táille tiomantais bliantúil mar aisíoc ar ghlacadh lena cuid feidhmeanna faoin Acht seo. Tá ceadú tugtha ag an tÚdarás Éireannach Rialaithe Seirbhísí Airgeadais tiomantas bliantúil den deichiú cuid de bhunús pointe amháin an méid ainmniúil den bhanna urrúis clúdaithe eisithe. Le linn 2003, eisíodh €12.5 billiún in urrúis clúdaithe le sóchhainní in Éirinn faoin Acht. Táthar ag súil go ndéanfar forbairt mhór ar an mhargadh seo i 2004 agus níos a shia ná sin.

COMHAIRLEOIREACHT & GAOLMHAIREACHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

Tá roinnt iasachtóirí eachtranacha - go príomhdha ó thíortha iarrthóra ar an AE - tar eis dul i gcomhairle leis an NTMA maidir le ceisteanna bainistíochta ar fhiacha. Rinne an NTMA óstach le déanaí ar Ghrúpa Bainistíochta Fiacha Tíortha Aontacha an AE mar chuid díimeachtaí Uachtaranacht na hÉireann.

Tá tíortha eile agus eagraíochtaí idirnáisiúnta lena n-áirítear an Fhrainc, an tSín, An Bahrain, Banc Ceannais na hEorpa tar eis dul i gcomhairle leis an NTMA maidir lena saineolas bainistíochta ar shóchmhainní.

AIRGEADAS, TEICNEOLAÍOCHT AGUS RIOSCA

Áiríonn an stiúrthóireacht Airgeadais:

(i) Rialú Airgeadais

(ii) Próiseáil Idirbheartanna

(iii) Teicneolaíocht an Eolais

(iv) Bainistíocht Riosca

Soláthraíonn an stiúrthóireacht seo seirbhísí roinnte le gach gnó sonrúil an NTMA, go háirithe Maoiniú agus Bainistiú Fiacha, Cúlchiste Pinsin Náisiúnta, Gníomhaireacht Éilimh Stáit, Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais agus bainistíocht cistí Stáit cosúil leis an Chiste Árachais Sóisialta, Ciste na gCuntas Díomhaoin agus iasachtaí an Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta. Tá punainn sóchmhainní agus dliteanais breis agus €50 billiún ag na gnóanna seo.

Táforbairt gnóanna an NTMA le roinnt blianta anuas tar eis breis brú a chur ar an stiúrthóireacht Airgeadais. Chinntigh pleanáil straitéiseach agus sonrúil go bhfuil forbairt leanúnaigh na gnóanna nua seo comhtháite go hiomlán le gréasán cuimsitheach an NTMA agus rialaithe. Sa chomhshaol nua-aimseartha gnó tá teicneolaíocht an eolais criticiúil agus tá córais forbartha agus seachadadh le tacú le gnóanna mar a bhí éilithe.

Déanann an NTMA iarracht rialú agus bainistíocht a dhéanamh ar rioscaí de réir na caighdeáin gairmiúla is airde agus athraíonn agus cuireann siad lena gcleachtais bainistíochta riosca ar bhonn leanúnach le léiriú a dhéanamh ar athruithe i ngnó, margaí, earraí agus dea chleachtaie atá ag teacht chun cinn.

RIALÚ AIRGEADAIS

Bun fhreagracht Rialú Airgeadais ná a chinntiú go bhfuil tuairiscí cuntasaíochta na gnóanna uilig críochnaithe laistigh de na srianta reachtúla. Go réadúil, tá a réimse níos leithne, mar chuid tábhachtach den ról ná forbairt a dhéanamh agus rialú a chothú sa chomhshaol, ag tabhairt faisnéis bainistíochta in am go ghnóanna agus cabhrú leis an eagraíocht fás agus forbairt. Tá an NTMA ag fás go tapaidh le blianta beaga anuas agus gnóanna nua á chur lena réimse oibre. Lean an phróiséas seo i 2003, le Rialú Airgeadais ag soláthar tacaíocht do bhunú Chiste na gCuntas Díomhaoin agus leis an NTMA ag glacadh freagracht as airgead a bhailiú faoi chlár páipéar tráchtála an Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta. Maidir le Ciste na gCuntas Díomhaoin, bhain sé seo le socrúcháin a chur i bhfearas do scaoileadh airgid chuig an Stát ó chuntais díomhaoin. Ó dheireadh na bliana tá socrúcháin curtha i bhfearas leis an tionscail árachais le áisiú a dhéanamh ar aistriú €23 milliún i bpolasaithe árachais saoil neamh éilithe.

Leanann Rialú Airgeadais le hoibriú le ABN AMRO Mellon, an Caomhnóir Domhanda don Cúlchiste Náisiúnta Pinsin, le cinntiú go bhfuil gníomhaíochtaí an Chiste pleanálta agus feidhmithe go héifeachtúil.

PRÓISEÁIL IDIRBHEARTANNA

Tá an réimse seo freagrach as cinntiú, bainistiú agus socrú gach sreabhadh airgead thirim do gach ghné de ghnó an NTMA.

Le linn na bliana, lean an NTMA ag cur le feidhmiú trí chóras státchiste bainistíochta comhtháite. An aidhm a bhí leis an obair seo ná próiseáil díreach-tríd a bhaint amach le riosca feidhmiúchán a mhaolú.

Le fás gnó an NTMA le linn 2003 bhí breis fáis i líon na hidirbheartanna. Tá siad seo méaduithe 11 faoin gcéad go 33,000 idirbheart i 2003, le sreabhadh airgead thirim gaolmhara de €441 billiún.

TEICNEOLAÍOCHT AN EOLAIS

Tá aonad Teicneolaíocht an Eolais freagrach as forbairt a dhéanamh, súiteáil agus cothabháil a dhéanamh ar chórais agus creat teicniúil an NTMA.

Forbraíodh breis córais agus feidhmíodh iad i 2003 le freastal ar ghá a bhí ag réimsí nua gnó, go háirithe an NPRF, an Ghníomhaireacht Éilimh Stáit áit a cuireadh isteach córas idirlíon-bhunaithe triú pháirtí le taifead a dhéanamh ar imeachtaí cliniciúla agus éilimh agus le faisnéis riosca a sholáthar díospidéil agus fiontai cúram sláinte.

I 2003, cuireadh sa bhreis le plean aisghabhála an NTMA le roghnú suíomh nua aisghabháil gnó.

RIOSCA

I mbainistiú a dhéanamh ar an bhFiachas Náisiúnta agus roinnt punainn sócmhainn ús seasta, caithfidh an NTMA déileáil le riosca an mhargadh, riosca leachtacha, riosca creidmheasa frithpháirtí agus riosca feidhmiúcháin. Rioscaí iad seo nach féidir fáil réidh leo. An aidhm, dá bhrí sin, ná rialú agus bainistiú a dhéanamh orthu de réir na caighdeáin is airde gairmiúla

Maidir le riosca an mhargadh, tá raon gnásanna cuimsitheacha bainistíochta riosca ag an NTMA le áireamh agus bainistiú a dhéanamh, in am, éifeacht na gluaiseachtaí i rátaí úis agus rátaí malartaithe eachtrannaigh. Áirítear i measc na húirlisí bainistíocht riosca ná áireamh a dhéanamh ar leochaileacht costais seirbhíse fiacha buiséadaithe, sa bhliain reatha agus sna blianta atá le teacht, go gluaiseachtaí i rátaí an mhargaidh.

Baineann rioscaí leachtacha leis an gá atá ann dóthain airgead thirim a bheidh ann le coimeád leis na dliteanais uilig agus iad ag teacht chun cinn. Déantar monatóireacht ghníomhach orthu seo agus rialaítear iad. Tá gnásanna comhtháite i bhfearas lena chinntiú go mbainistíonn an NTMA amchlár agus méid na heisiúintí le dóthain leachtacht a chinntiú.

Déantar monatóireacht ar bhonn laethúil laistigh de shrianta ceadaithe ar nochtadh creidmheasa frithpháirí a eascraíonn as cur taiscí mar aon le idirbheartaíochtaí í ndíorthaigh. Déantar meastachán ar an nochtadh seo ar bhonn chomhbhailithe thar phunainn éagsúla an NTMA.

Rialaítear riosca feidhmiúcháin tré bheartais diana agus gnásanna ag rialú íocaíochtaí agus tré freagrachtaí a scaradh, ar aon dul leis an dea chleachtais san earnáil airgeadais.

Táirsieach Bainistíochta Fiacha

Léiríonn an Táirseach na haidhmeanna meán téarmach bainistíochta fiacha atá ag an Státchiste agus tá sé ionadaíoch ar faid, prófíl úis agus struchtúir aibíochta an phunainn atá ag teacht le treoirlínte leagtha síos ag an tAire Airgeadais.

Tógann an córas seo cuntas de na suíomhanna carnaithe airgead thirim móide an luach glan faoi láthair ag gach sreabhadh airgid thirim sa thodhchaí. Áiríonn sé éifeacht gníomhaíochtaí an NTMA ní amháin sa bhliain faoi scrúdú ach an éifeacht tuartga thar tréimhse iomlán na bhfiacha. Ba iad UBS AG a rinne measúnú ar fheidhmiú i gcoinne an Táirsieach, bunaithe ar sonraí iniúchta ag PricewaterhouseCoopers. Baineadh amach €29 milliún i luach breise i 2003.

Dífhorbair an NTMA uirlisí bainistíochta riosca, ag glacadh san áireamh leochaileacht agus Luachg ag anailús Riosca. Déanann na huirlisí seo meastachán ar leochaileacht rátaí úis gaolmhar leis an dTáirseach. Usáidtear srianta riosca le rialú a dhéanamh ar nochtadh an NTMA laistigh de réimse inghlactha.

Tá córais i bhfearas ag an NTMA anois a cheadaíonn faisneis sonrúil feidhmiúcháin agus bainistíocht riosca le bheith áirithe ar bhonn laethúil agus cumarsáid leictreonach á dhéanamh lena mbainisteoirí punainn agus bainistíocht sinsearach.

Iniúchadh

De réir freachtachtaí reachtúla, leanann an NTMA bheith iniúcta ag an Reachtaire agus Iniúchóir Ginearálta. Ar aon dul le dea chleachtais rialú corporáideach, tá feidhm inmheánach iniúchta i bhfeidhm ag an NTMA. Cuirtear leis an obair le cuideachta seachtrach iniúchóirí (faoi láthair Pricewaterhouse Coopers) a chomhlíonann obair inmheánach iniúchta.

